Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Márta 2019
(OR. en)

7351/19

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0230(COD)**

CODEC 652
JEUN 36
EDUC 148
EMPL 164
SOC 210
SPORT 26
COHAFA 22
PROCIV 20
COMPET 239
ECOFIN 286
CADREFIN 141
PE 81

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus lena n-aisghairtear [an Rialachán maidir leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach] agus Rialachán (AE) 375/2014<br>- An toradh ar chéad léamh Pharlaimint na hEorpa,<br>(Strasbourg, 11 go 14 Márta 2019) |

## I. RÉAMHRÁ

Thíolaic an rapóirtéir, Michaela ŠOJDROVÁ (EPP, CZ), tuarascáil ar an togra le haghaidh Rialacháin thar ceann an Choiste um Chultúr agus Oideachas. Thíolaic an Coiste um Chultúr agus um Oideachas aon chéad caoga naoi leasú ar an togra le haghaidh Rialacháin (leasuithe 1-10, 12-15, 17, 19, 21-23, 25-31, 33-47, 49-52, 54-56, 58, 61-62, 64-68, 70-83, 85-86, 92-112, 114-117, 119-159, 53, 57, 59, 60, 63, 69, 84, 87-91, 113, 118, 11, 16, 18, 20, 24, 32, 48). Chomh maith leis sin:

- Thíolaic an grúpa polaitiúil EUL/NGL seacht leasú dhéag (leasuithe 197, 198, 199, 191D, 200, 201, 202, 192, 203, 187, 188, 193, 194, 189, 195, 196, 190D);

- thíolaic an grúpa polaitiúil EFDD seacht leasú is fiche (leasuithe 172, 173, 174D, 175D, 176, 177D, 178, 179, 180D, 182D, 182, 183, 184, 185, 186, 160, 161, 162, 163, 164, 165, 166, 167D, 168, 169, 170D, 171);
- thíolaic Coiste DEVE deich leasú (leasuithe 208, 209, 210, 211, 212, 213, 204, 205, 206, 207)

## II. VÓTÁIL

Nuair a vótáil sé ar an 12 Márta, ghlac an seisiún iomlánach leasuithe 1-10, 12-15, 17, 19, 21-23, 25-31, 33-47, 49-52, 54-56, 58, 61-62, 64-68, 70-83, 85-86, 92-112, 114-117, 119-159, 53, 57, 59, 60, 63, 69, 84, 87-91, 113, 118, 11, 16, 18, 20, 24, 32, 48 ar an togra le haghaidh Rialacháin.

Is é atá sa togra ón gCoimisiún mar a leasaíodh é seasamh na Parlaiminte ar an gcéad léamh, mar atá le fáil ina rún reachtach agus mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo[1].

---

[1] Rinneadh an leagan sin de sheasamh na Parlaiminte atá le fáil sa rún reachtach a mharcáil chun na hathruithe a léiriú a tháinig de bharr na leasuithe a rinneadh ar an togra ón gCoimisiún . Is le ***cló trom agus cló iodálach*** a léirítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Léirítear téacs a scriosadh leis an tsiombail " ▌ ".

## Clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh ***I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Márta 2019 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus lena n-aisghairtear [an Rialachán maidir leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach] agus Rialachán (AE) 375/2014 (COM(2018)0440 – C8-0264/2018 – 2018/0230(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle (COM(2018)0440),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagail 165(4), 166(4) agus 214(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C8-0264/2018),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 17 Deireadh Fómhair 2018[2],

– ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún an 6 Nollaig 2018[3],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas agus na tuairimí ón gCoiste um Fhorbairt, ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um Buiséid agus ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach (A8-0079/2019),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

---

[2] IO C 62, 15.2.2019, lch. 201.
[3] OJ C 86, 7.3.2019, p. 282.

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Is ar an dlúthpháirtíocht atá an tAontas Eorpach bunaithe, i measc a shaoránach agus i measc a Bhallstát. Treoraíonn an comhluach sin a ghníomhaíochtaí agus soláthraíonn sé an aontacht is gá chun dul i ngleic le dúshláin na sochaí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, ar dúshláin iad a bhfuil Eorpaigh óga toilteanach cabhrú dul i ngleic leo trína ndlúthpháirtíocht a chur in iúl sa chleachtas. | (1) Is ar an dlúthpháirtíocht atá an tAontas Eorpach bunaithe, i measc a shaoránach agus i measc a Bhallstát. Treoraíonn an comhluach sin***, a chuimsítear in Airteagal 2 de Chonradh ar an Aontas Eorpach,*** a ghníomhaíochtaí agus soláthraíonn sé an aontacht is gá chun dul i ngleic le dúshláin na sochaí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, ar dúshláin iad a bhfuil Eorpaigh óga toilteanach cabhrú dul i ngleic leo trína ndlúthpháirtíocht a chur in iúl sa chleachtas. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1a) I bhfianaise an mhéadaithe shuntasaigh ar na géarchéimeanna daonnúla agus na héigeandálaí domhanda, agus d'fhonn feabhas a chur ar chur chun cinn na dlúthpháirtíochta agus infheictheacht na cabhrach daonnúla i measc shaoránaigh an Aontais, is gá forbairt a dhéanamh ar an dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit agus le tríú tíortha atá thíos le tubaistí de dhéantús an duine nó tubaistí nádúrtha.*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1b) Tá an chabhair dhaonnúil bunaithe ar phrionsabail na neamhchlaontachta, na neodrachta agus an neamh-idirdhealaithe, a leagtar síos sa dlí idirnáisiúnta daonnúil agus i ndlí an Aontais. Leis an gcabhair dhaonnúil cuirtear freagairt éigeandála atá bunaithe ar riachtanais ar fáil a bhfuil sé mar aidhm léi beatha daoine a chaomhnú, fulaingt an duine a chosc agus a laghdú, dínit an duine a chaomhnú agus cosaint a chur ar fáil do ghrúpaí leochaileacha atá thíos le tubaistí de dheanamh an duine nó tubaistí nádúrtha. Is gnéithe riachtanacha den chabhair dhaonnúil iad an laghdú ar an mbaol tubaiste agus an ullmhacht trí ghníomhaíochtaí fothaithe acmhainní agus athléimneachta.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Sa Teachtaireacht "Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach" an 7 Nollaig 2016[18], leag an Coimisiún béim ar an ngá atá ann an dúshraith a neartú le haghaidh obair dlúthpháirtíochta ar fud na hEorpa, níos mó deiseanna agus deiseanna níos fearr ó thaobh gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a sholáthar do dhaoine óga i raon leathan réimsí éagsúla, agus tacaíocht a thabhairt do ghníomhaithe náisiúnta agus áitiúla, lena n-iarrachtaí dul i ngleic le dúshláin agus géarchéimeanna éagsúla. Seoladh leis an Teachtaireacht sin an chéad chéim den Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach faoinar baineadh leas as cláir éagsúla de chuid an Aontais chun deiseanna saorálaíochta, cúrsaí oiliúna nó poist a thairiscint do dhaoine óga ar fud an Aontais Eorpaigh. | (3) Sa Teachtaireacht "Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach" an 7 Nollaig 2016[18], leag an Coimisiún béim ar an ngá atá ann an dúshraith a neartú le haghaidh obair dhlúthpháirtíochta ar fud na hEorpa, níos mó deiseanna agus deiseanna níos fearr ó thaobh gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a sholáthar do dhaoine óga i raon leathan réimsí éagsúla, agus tacaíocht a thabhairt do ghníomhaithe náisiúnta***, réigiúnacha*** agus áitiúla, lena n-iarrachtaí dul i ngleic le dúshláin agus géarchéimeanna éagsúla. Seoladh leis an Teachtaireacht sin an chéad chéim den Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach faoinar baineadh leas as cláir éagsúla de chuid an Aontais chun deiseanna saorálaíochta, cúrsaí oiliúna nó poist a thairiscint do dhaoine óga ar fud an Aontais Eorpaigh. |
| [18] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún – Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, (COM(2016) 0942 final). | [18] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún – Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, (COM(2016) 0942 final). |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4a) I gcomhthéacs an Rialacháin seo, tuigtear an dlúthpháirtíocht mar an fhreagracht a bhraitheann gach duine i dtaca le gach duine a bheith tiomanta don leas coiteann, rud a léirítear trí ghníomhaíochtaí nithiúla a dhéanamh gan smaoineamh ar leas a fháil mar chúiteamh.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4b) Is bealach tábhachtach chun dlúthpháirtíocht a chur in iúl é cúnamh a thabhairt do dhaoine agus do phobail lasmuigh den Aontas atá thíos le tubaistí nó atá go mór i mbaol tubaistí agus a bhfuil cabhair dhaonnúil ag teastáil uathu, bunaithe ar bhunphrionsabail na neodrachta, na daonnachta, an neamhspleáchais agus na neamhchlaontachta.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

***(4c) Ba cheart do na saorálaithe rannpháirteacha agus do na heagraíochtaí a chuireann gníomhaíochtaí chun feidhme faoin gCór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil cloí leis na prionsabail a leagtar amach sa Chomhdhearcadh Eorpach maidir le Cabhair Dhaonnúil.***

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(4d) Is gá tuilleadh dlúthpháirtíochta a fhorbairt leis na daoine atá buailte ag géarchéimeanna agus tubaistí i dtríú tíortha agus leibhéil feasachta agus infheictheacht na cabhrach daonnúla agus na saorálaíochta i gcoitinne mar ghníomhaíocht ar feadh an tsaoil a ardú i measc shaoránaigh an Aontais.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4 e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(4e) Tá gealltanas tugtha ag an Aontas agus ag na Ballstáit go gcuirfidh siad Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe de sin chun feidhme go hinmheánach agus*** |

***trí ghníomhaíochtaí seachtracha araon.***

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4 f (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4f) Sna conclúidí uaithi an 19 Bealtaine 2017 maidir leis an nasc idir an daonnúlacht agus an fhorbairt a chur chun cinn, d'aithin an Chomhairle gur gá an athléimneacht a neartú trí nasc níos fearr a dhéanamh idir an chabhair dhaonnúil agus an comhar forbartha agus gur gá na naisc oibríochtúla idir cineálacha comhlántacha cur chuige na cabhrach daonnúla, an chomhair forbartha agus an choisc coinbhleachtaí a neartú tuilleadh.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Ba cheart deiseanna atá inrochtana go héasca a chur ar fáil do dhaoine óga le bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta, a chabhródh leo a dtiomantas maidir le leas pobal a chur in iúl agus ag an am céanna taithí, scileanna agus inniúlachtaí úsáideacha a shealbhú maidir lena bhforbairt phearsanta, oideachasúil, shóisialta, shibhialta agus | (5) Ba cheart deiseanna ***cuimsitheacha agus fiúntacha*** atá inrochtana go héasca a chur ar fáil do dhaoine óga le bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta, a chabhródh leo a dtiomantas maidir le leas pobal a chur in iúl agus ag an am céanna taithí, ***eolas,*** scileanna agus inniúlachtaí úsáideacha a shealbhú maidir lena bhforbairt phearsanta, |

ghairmiúil, ag feabhsú dá réir sin a n-infhostaitheacht. Thacódh na gníomhaíochtaí sin freisin le soghluaisteacht saorálaithe, oiliúnaithe agus oibrithe óga.

oideachasúil, shóisialta, shibhialta agus ghairmiúil, ag feabhsú dá réir sin a n-infhostaitheachta. Thacódh na gníomhaíochtaí sin freisin le soghluaisteacht saorálaithe, oiliúnaithe agus oibrithe óga.

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Ba cheart na gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a thairgtear do dhaoine óga a bheith ar ardcháilíocht, sa mhéid is gur cheart dóibh freastal ar riachtanais sa tsochaí nach bhfuiltear ag freastal orthu cheana, rannchuidiú le pobail a neartú, an deis a thairiscint do dhaoine óga chun eolas agus inniúlachtaí luachmhara a shealbhú, a bheith inrochtana ó thaobh airgid de do dhaoine óga, agus a bheith á gcur chur chun feidhme faoi dhálaí slána sláintiúla. | (6) Ba cheart na gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a thairgtear do dhaoine óga a bheith ar ardcháilíocht; ba cheart ***é a bheith mar aidhm leo freastal ar*** riachtanais sa tsochaí nach bhfuiltear ag freastal orthu cheana, ***feabhas a chur ar an dlúthpháirtíocht agus*** rannchuidiú le pobail a neartú ***agus le rannpháirtíocht dhaonlathach***. ***Ba cheart dóibh*** an deis a thairiscint do dhaoine óga chun eolas***, scileanna*** agus inniúlachtaí luachmhara a shealbhú***. Ba cheart dóibh*** a bheith inrochtana ó thaobh airgid de do dhaoine óga, agus a bheith á gcur chur chun feidhme faoi dhálaí slána***, cuimsitheacha agus*** sláintiúla. ***Ba cheart idirphlé leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus leis na gréasáin Eorpacha atá speisialaithe i bhfadhbanna sóisialta práinneacha a spreagadh chun na riachtanais sa tsochaí nach bhfuiltear ag freastal orthu a shocrú ar an mbonn is fearr agus clár atá bunaithe ar riachtanais a áirithiú. Níor cheart go mbeadh tionchar diúltach ag gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta ar phoist ná sealanna oiliúna atá ann cheana agus ba cheart dóibh rannchuidiú le tiomantais cuideachtaí maidir le freagracht shóisialta chorparáideach a*** |

***threisiú, ach gan teacht ina n-ionad.***

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Pointe aonair iontrála is ea an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach do ghníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta ar fud an Aontais agus níos faide i gcéin. Ba cheart comhsheasmhacht agus comhlántacht le beartais agus cláir ábhartha eile de chuid an Aontais a áirithiú. Bunaítear an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach ar láidreachtaí agus sineirgíochtaí clár a bhí ann roimhe agus atá ann anois, go háirithe an tSeirbhís Dheonach Eorpach[19] agus Saorálaithe Cabhrach an Aontais Eorpach[20]. Comhlánaíonn sé freisin na hiarrachtaí a dhéanann na Ballstáit chun tacú le daoine óga agus a n-aistriú ón scoil go hobair faoin Ráthaíocht don Aos Óg a éascú trí dheiseanna breise a sholáthar dóibh tosú i margadh an tsaothair i bhfoirm cúrsaí oiliúna nó post i réimsí a bhaineann leis an dlúthpháirtíocht laistigh dá mBallstát nó thar theorainneacha. Áirithítear freisin comhlántacht le líonraí atá ann cheana ar leibhéal an Aontais a bhaineann leis na gníomhaíochtaí faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach, ar nós Líonra Eorpach na Seirbhísí Fostaíochta Poiblí, EURES agus an líonra Eurodesk. Ina theannta sin, ba cheart comhlántacht idir scéimeanna gaolmhara atá ann cheana – go háirithe scéimeanna náisiúnta dlúthpháirtíochta agus scéimeanna soghluaisteachta do dhaoine óga – agus an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach a áirithiú, ag tógáil ar dhea-chleachtais i gcás inarb iomchuí. | (7) Pointe aonair iontrála is ea an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach do ghníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta ar fud an Aontais agus níos faide i gcéin. Ba cheart comhsheasmhacht agus comhlántacht le beartais agus cláir ábhartha eile de chuid an Aontais a áirithiú. Bunaítear an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach ar láidreachtaí agus sineirgí clár a bhí ann roimhe agus atá ann anois, go háirithe an tSeirbhís Dheonach Eorpach[19] agus Saorálaithe Cabhrach an Aontais Eorpach[20]. Comhlánaíonn sé freisin na hiarrachtaí a dhéanann na Ballstáit chun tacú le daoine óga agus a n-aistriú ón scoil go hobair a éascú faoi ***scéimeanna amhail*** Ráthaíocht don Aos Óg trí dheiseanna breise a sholáthar dóibh tosú i margadh an tsaothair i bhfoirm cúrsaí oiliúna nó post i réimsí a bhaineann leis an dlúthpháirtíocht laistigh dá mBallstát nó thar theorainneacha. Áirithítear freisin comhlántacht le líonraí atá ann cheana ar leibhéal an Aontais a bhaineann leis na gníomhaíochtaí faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach, ar nós Líonra Eorpach na Seirbhísí Fostaíochta Poiblí, EURES agus an líonra Eurodesk ***agus eagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta, lena n-áirítear comhpháirtithe sóisialta agus líonraí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine óga agus ar shaorálaithe***. Ina theannta sin, ba cheart comhlántacht idir scéimeanna gaolmhara atá ann cheana – go háirithe scéimeanna náisiúnta |

dlúthpháirtíochta***, amhail saorálaíocht, an tseirbhís shibhialta*** agus scéimeanna soghluaisteachta do dhaoine óga – agus an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach a áirithiú, ag tógáil ar dhea-chleachtais i gcás inarb iomchuí***, chun tionchair agus cáilíochtaí na scéimeanna sin ar a chéile a fheabhsú agus a shaibhriú***. ***Níor cheart go ngabhfadh an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach ionad na scéimeanna náisiúnta. Ba ceart rochtain ar ghníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta náisiúnta a áirithiú do gach duine óg. Ba cheart don Choimisiún treoirlínte praiticiúla a fhorbairt ar chomhlántacht an chláir le Cláir eile an Aontais agus ar fhoinsí cistithe agus ar sineirgí idir an dá dream.***

[19] Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear 'Erasmus+': clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um an spórt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1719/2006/CE, Cinneadh Uimh. 1720/2006/CE agus Cinneadh Uimh. 1298/2008/CE, (IO L 347, 20.12.2013, lgh. 50-73).

[20] Rialachán (AE) Uimh. 375/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 lena mbunaítear an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil ( “an Tionscnamh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE”) (IO L 122, 24.4.2014, lgh. 1-17)

[19] Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear 'Erasmus+': clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um an spórt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1719/2006/CE, Cinneadh Uimh. 1720/2006/CE agus Cinneadh Uimh. 1298/2008/CE, (IO L 347, 20.12.2013, lgh. 50-73).

[20] Rialachán (AE) Uimh. 375/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 lena mbunaítear an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil ( “an Tionscnamh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE”) (IO L 122, 24.4.2014, lgh. 1-17)

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8a) Maidir le deimhniú na n-eagraíochtaí seolta agus na n-ósteagraíochtaí arna dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 375/2014, níor cheart go ndéanfaí é faoi dhó faoin gClár agus ba cheart a choibhéis a aithint nuair a bheidh an Rialachán seo á chur chun feidhme ó 2021 ar aghaidh.*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Cuireann an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach deiseanna nua ar fáil do dhaoine óga chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí saorálaíochta, cúrsaí oiliúna nó poist i réimsí a bhaineann leis an dlúthpháirtíocht agus chun tionscadail dlúthpháirtíochta a cheapadh agus a fhorbairt ar a dtionscnamh féin. Beidh na deiseanna sin ina chuidiú chun a bhforbairt phearsanta, oideachasúil, shóisialta, shibhialta agus ghairmiúil a fheabhsú. Tacaíonn an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach freisin le gníomhaíochtaí líonraithe do rannpháirtithe agus d'eagraíochtaí rannpháirteacha sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach, agus le bearta a áiritheoidh cáilíocht na ngníomhaíochtaí a dtacaítear leo agus a dhéanfaidh bailíochtú a dtorthaí foghlama a fheabhsú. Ar an gcaoi sin, cuideoidh sé | (9) Cuireann an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach deiseanna nua ***foghlama foirmiúla agus neamhfhoirmiúla*** ar fáil do dhaoine óga chun tabhairt faoi shaorálaíocht, cúrsaí oiliúna nó socrúcháin phoist i réimsí a bhaineann leis an dlúthpháirtíocht chun tionscadail dlúthpháirtíochta a cheapadh agus a fhorbairt ar a dtionscnamh féin. Beidh na deiseanna sin ina chuidiú chun a bhforbairt phearsanta, oideachasúil, shóisialta, shibhialta agus ghairmiúil a fheabhsú. Tacaíonn an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach freisin le gníomhaíochtaí líonraithe do rannpháirtithe agus d'eagraíochtaí rannpháirteacha sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach, agus le bearta a áiritheoidh cáilíocht na ngníomhaíochtaí a dtacaítear leo agus a dhéanfaidh bailíochtú |

| | |
|---|---|
| freisin le comhar Eorpach atá ábhartha do dhaoine óga agus le feasacht a ardú faoin tionchar dearfach a bhíonn aige. | a dtorthaí foghlama a fheabhsú. Ar an gcaoi sin, cuideoidh sé freisin le comhar Eorpach atá ábhartha do dhaoine óga agus le feasacht a ardú faoin tionchar dearfach a bhíonn aige. ***Ba cheart dó freisin rannchuidiú le tacú le pobail a neartú agus tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí atá ann cheana a chuireann gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta chun feidhme.*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Ba cheart na gníomhaíochtaí sin a bheith chun leasa pobal, agus forbairt phearsanta, oideachasúil, shóisialta, shibhialta agus ghairmiúil an duine aonair a chothú san am céanna, ***agus féadfaidh siad*** tarlú i bhfoirm saorálaíochta, cúrsaí oiliúna agus post, tionscadal nó gníomhaíochtaí líonraithe, arna bhforbairt i réimsí éagsúla, amhail oideachas agus oiliúint, fostaíocht, comhionannas inscne, fiontraíocht – go háirithe fiontraíocht shóisialta – saoránacht agus rannpháirtíocht dhaonlathach, cosaint an chomhshaoil agus an dúlra, gníomhú ar son na haeráide, cosc tubaistí, ullmhacht agus téarnamh, talmhaíocht agus forbairt tuaithe, soláthar bia agus ábhar neamhbhia, sláinte agus folláine, cruthaitheacht ***agus cultúr***, corpoideachas agus spórt, cúnamh agus leas sóisialta, glacadh agus lánpháirtíocht náisiúnach tríú tír, comhar agus comhtháthú críochach, agus comhar trasna teorainneacha. Cuimsíonn na gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta sin gné láidir foghlama agus oiliúna trí ghníomhaíochtaí ábhartha is féidir a | (10) Ba cheart ***breisluach soiléir Eorpach a bheith ag na gníomhaíochtaí sin agus ba cheart dóibh*** a bheith chun leasa pobal, agus forbairt phearsanta, oideachasúil, shóisialta, shibhialta agus ghairmiúil an duine aonair a chothú san am céanna***. Ba cheart go bhféadfadh na gníomhaíochtaí sin*** tarlú i bhfoirm saorálaíochta, cúrsaí oiliúna agus post, tionscadal nó gníomhaíochtaí líonraithe, arna bhforbairt i réimsí éagsúla, amhail oideachas agus oiliúint, fostaíocht, comhionannas inscne, fiontraíocht – go háirithe fiontraíocht shóisialta – saoránacht agus rannpháirtíocht dhaonlathach***, idirphlé idirchultúrtha agus idirchreidimh, cuimsiú sóisialta, cuimsiú daoine atá faoi mhíchumas***, cosaint an chomhshaoil agus an dúlra, gníomhú ar son na haeráide, cosc tubaistí, ullmhacht agus téarnamh, talmhaíocht agus forbairt tuaithe, soláthar bia agus ábhar neamhbhia, sláinte agus folláine, ***cultúr, lena n-áirítear oidhreacht chultúrtha,*** cruthaitheacht, corpoideachas agus spórt, cúnamh agus leas sóisialta, glacadh agus lánpháirtíocht náisiúnach tríú |

| | |
|---|---|
| thairiscint do na rannpháirtithe roimh an ngníomhaíocht dlúthpháirtíochta, lena linn, agus ina diaidh. | tír***, le béim ar réitigh a fháil ar na dúshláin atá ag imircigh,*** comhar agus comhtháthú críochach, agus comhar trasna teorainneacha. Cuimsíonn na gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta sin gné láidir foghlama agus oiliúna trí ghníomhaíochtaí ábhartha is féidir a thairiscint do na rannpháirtithe roimh an ngníomhaíocht dlúthpháirtíochta, lena linn, agus ina diaidh. |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Eispéireas saibhir (laistigh agus lasmuigh den Aontas Eorpach araon) i gcomhthéacs na foghlama seachfhoirmiúla agus na foghlama neamhfhoirmiúla, atá i ngníomhaíochtaí saorálaíochta, a fheabhsaíonn forbairt phearsanta, shochoideachasúil agus ghairmiúil daoine óga, chomh maith lena saoránacht ghníomhach agus a n-infhostaitheacht. Níor cheart drochthionchar a bheith ag gníomhaíochtaí saorálaíochta ar fhostaíocht íoctha a d'fhéadfadh a bheith ann ná ar fhostaíocht íoctha atá ann cheana, agus níor cheart breathnú orthu mar ionadaithe ar an bhfostaíocht íoctha. Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit obair i gcomhar le chéile maidir le beartais saorálaíochta i réimse na hóige tríd an modh oscailte comhordúcháin. | (11) Eispéireas saibhir (laistigh agus lasmuigh den Aontas Eorpach araon) i gcomhthéacs na foghlama seachfhoirmiúla agus na foghlama neamhfhoirmiúla, atá i ngníomhaíochtaí saorálaíochta, a fheabhsaíonn forbairt phearsanta, shochoideachasúil agus ghairmiúil daoine óga, chomh maith lena saoránacht ghníomhach, ***a rannpháirtíocht dhaonlathach*** agus a n-infhostaitheacht. ***Ba cheart go mbeadh an tsaorálaíocht bhunaithe ar chomhaontú saorálaíochta i scríbhinn agus*** níor cheart drochthionchar a bheith ag gníomhaíochtaí saorálaíochta ar fhostaíocht íoctha a d'fhéadfadh a bheith ann ná ar fhostaíocht íoctha atá ann cheana, agus níor cheart breathnú orthu mar ionadaithe ar an bhfostaíocht íoctha. Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit obair i gcomhar le chéile maidir le beartais saorálaíochta i réimse na hóige tríd an modh oscailte comhordúcháin. |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Féadfaidh cúrsaí oiliúna agus poist ***i réimsí a bhaineann leis an dlúthpháirtíocht deiseanna breise a thairiscint do*** dhaoine óga ***tosú i margadh an tsaothair agus rannchuidiú le dul i ngleic le príomhdhúshláin na sochaí ag an am céanna.*** Féadfaidh sé ***sin*** infhostaitheacht a***gus táirgiúlacht*** daoine óga a chothú ***agus a n-aistriú ón oideachas go fostaíocht a éascú***, agus tá an-tábhacht leis an méid sin maidir lena ***ndeiseanna a fheabhsú*** i margadh an tsaothair. Leanfaidh ***na cúrsaí oiliúna*** a thairgtear faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach na prionsabail ***cháilíochta*** a leagtar síos sa Mholadh ón gComhairle an 10 Márta 2014 lena ***mbunaítear*** Creat Cáilíochta do Chúrsaí Oiliúna[21]. Beidh ***na*** cúrsaí oiliúna agus na poist ***a thairgtear ina gcéad chéim mhór do dhaoine óga chun dul isteach i margadh an tsaothair agus*** mar sin ba cheart tacaíocht ***iar-ghníomhaíochta*** leordhóthanach a bheith ag dul leo. ***Déanann gníomhaithe ábhartha i margadh an tsaothair***, go háirithe i seirbhísí fostaíochta poiblí agus príobháideacha, comhpháirtithe sóisialta agus Comhlachais Tráchtála, cúrsaí oiliúna agus poist ***a éascú agus faigheann siad íocaíocht ón eagraíocht rannpháirteach.*** Mar eagraíochtaí ***rannpháirteacha, ba cheart dóibh iarratas a dhéanamh ar chistiú trí bhíthin struchtúr inniúil cur chun feidhme an Chóir Dlúthpháirtíochta*** Eorpaigh ***d'fhonn feidhmiú mar idirghabhálaí idir na rannpháirtithe óga agus na fostaithe a thairgeann cúrsaí oiliúna agus poist in earnálacha na dlúthpháirtíochta***. | (12) ***Ba cheart*** cúrsaí oiliúna ***atá inrochtana go héasca*** agus poist ***a bheith scartha go soiléir ó shaorálaíocht, ó thaobh cúrsaí airgeadais agus ó thaobh cúrsaí eagraíochta de. Níor cheart go mbeadh ionadú oibre ann choíche mar thoradh ar chúrsaí oiliúna. Féadfaidh cúrsaí oiliúna íoctha agus poist, áfach, dreasacht a léiriú do dhaoine óga faoi mhíbhuntáiste agus daoine óga ar lú iad na deiseanna a bhíonn acu rannpháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta nach mbeadh sé ar a gcumas rochtain a fháil orthu murach sin, agus breisluach soiléir Eorpach a thabhairt ag an am céanna trí rannchuidiú le dul i ngleic le príomhdhúshláin na sochaí nach bhfuiltear ag freastal orthu agus pobail áitiúl a neartú. Is féidir le cursaí oiliúna an t-aistriú ón oideachas go dtí an fhostaíocht a dhéanamh níos éasca*** do dhaoine óga agus is féidir leo infhostaitheacht daoine óga a chothú, rud atá ríthábhachtach maidir lena ***gcomhthathú inbhuanaithe sa*** mhargadh saothair ***a bhaint amach***. Beidh na cúrsaí oiliúna agus na poist a thairgtear mar chloch chora do dhaoine óga dul isteach i margadh an tsaothair. ***Ba cheart go mbeadh cúrsaí oiliúna agus poist*** a sholáthraítear faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach ***á n-íoc i gcónaí ag an eagraíocht rannpháirteach a bhfuil an rannpháirtí á óstáil nó á fhostú aici. Ba cheart go mbeadh cursaí oiliúna bunaithe ar chomhaontú cúrsa oiliúna i scríbhinn i gcomhréir leis an dlí is infheidhme de chuid na tíre ina bhfuil an cúrsa oiliúna ar siúl agus, de réir mar is iomchuí, ba cheart dóibh*** a bheith i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach sa Mholadh ón |

gComhairle ***an 10 Márta 2014*** maidir le Creat Ardchaighdeáin do Chúrsaí Oiliúna[21]***. Ba cheart go mbeadh poist bunaithe ar chonradh fostaíochta i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó na comhaontaithe comhchoiteanna is infheidhme, nó an dá cheann acu sin, de chuid na tíre rannpháirtí ina bhfuil an post á dhéanamh. Níor cheart go mairfeadh tacaíocht airgeadais d'eagraíochtaí rannpháirteacha ag tairiscint post níos mó ná 12 mhí. Ba cheart don na heagraíochtaí rannpháirteacha cur isteach ar mhaoiniú trí chomhlacht inniúil cur chun feidhme an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh d'fhonn idirghabháil a dhéanamh idir na rannpháirtithe óga agus fostaithe a thairgeann gníomhaíochtaí maidir le cúrsaí oiliúna agus poist in earnálacha dlúthpháirtíochta. Ba cheart go mbeadh ullmhúchán*** leormhaith, ***oiliúint le linn na hoibre agus*** tacaíocht ***iarshocrúcháin maidir le rannpháirtíocht an rannpháirtí*** ag gabháil le cúrsaí oiliúna agus poist. ***D'fhéadfadh*** gníomhaithe ábhartha sa mhargadh, go háirithe seirbhísí fostaíochta poiblí agus príobháideacha, comhpháirtithe sóisialta agus Comhlachais Tráchtála, ***mar aon le balleagraíochtaí EURES***, ***na cúrsaí oiliúna agus na poist*** a éascú***, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2016/589 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i gcás gníomhaíochtaí trasteorann.***

[21] Moladh ón gComhairle ***an 15 Márta 2018 maidir le creat Eorpach do phrintíseachtaí ardchaighdeáin agus éifeachtacha (IO C 153, 2.5.2018, lch.1).***

[21] Moladh ón gComhairle ***an 15 Márta 2018 maidir le Creat Ardchaighdeáin do Chúrsaí Oiliúna (IO C 88, 27.3.2014, lch.1).***

***[21a] Rialachán (AE) Uimh. 2016/589 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Aibreán 2016 maidir le líonra Eorpach seirbhísí fostaíochta (EURES), rochtain oibrithe ar sheirbhísí soghluaisteachta agus comhtháthú breise ar mhargaí saothair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 agus***

***Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (IO L 107, 22.4.2016, lch. 1).***

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12a) Ba cheart iarrachtaí a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh cúrsaí oiliúna agus poist oscailte le haghaidh rannpháirtíocht gach duine óg, go háirithe daoine óga ar lú na deiseanna atá acu, lena n-áirítear daoine óga faoi mhíchumas, faoi mhíbhuntáistí sóisialta nó cultúrtha, imircigh agus cónaitheoirí i gceantair thuaithe iargúlta agus sna réigiúin is forimeallaí den Aontas.*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Is sócmhainn thábhachtach é meon tionscnaimh daoine óga don tsochaí agus do mhargadh an tsaothair. Cuidíonn an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach an ghné sin a chothú trí dheis a thabhairt do dhaoine óga a dtionscadail féin, arb é is aidhm leo dul i ngleic le dúshláin shonracha chun leasa a bpobal áitiúla féin, a dhearadh agus a chur chun feidhme. Is deis iad na tionscadail sin chun triail a bhaint as smaointe nua agus | (13) Is sócmhainn thábhachtach é meon tionscnaimh daoine óga don tsochaí agus do mhargadh an tsaothair. Cuidíonn an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach an ghné sin a chothú trí dheis a thabhairt do dhaoine óga a dtionscadail féin, arb é is aidhm leo dul i ngleic le dúshláin shonracha chun leasa a bpobal áitiúla féin, a dhearadh agus a chur chun feidhme. Is deis iad na tionscadail sin triail a bhaint as smaointe nua, ***réitigh*** |

chun tacú le daoine óga gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a thiomáint chun tosaigh astu féin. Is túsphointe iad freisin le haghaidh breis rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta agus is céad chéim iad chun rannpháirtithe sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach a spreagadh i dtreo na féinfhostaíochta ***nó i dtreo bunú*** cumainn, eagraíochtaí neamhrialtasacha nó comhlachtaí eile atá gníomhach sna hearnálacha dlúthpháirtíochta, neamhbhrabúis agus in earnáil na hóige.

***nuálacha ar dhúshláin chomhchoiteanna a fhorbairt trí chur chuige ón mbun aníos*** agus tacú le daoine óga gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a thiomáint chun tosaigh iad féin. Is túsphointe iad freisin le haghaidh breis rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta agus is céad chéim iad chun rannpháirtithe sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach a spreagadh i dtreo na féinfhostaíochta ***agus leanúint de bheith ina saoránaigh ghníomhacha mar shaorálaithe, oiliúnaithe nó fostaithe i gcumainn***, eagraíochtaí neamhrialtasacha nó comhlachtaí eile atá gníomhach sna hearnálacha dlúthpháirtíochta, neamhbhrabúis agus in earnáil na hóige. ***Go bunúsach, ba cheart go gcruthófar leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach atmaisféar ina spreagfar daoine óga de réir a chéile chun a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta agus chun freastal ar leas an phobail.***

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13a) Féadfaidh saorálaithe rannchuidiú le hacmhainn an Aontais cabhair dhaonnúil atá bunaithe ar riachtanais agus atá ar bhonn prionsabail a neartú agus rannchuidiú le héifeachtacht na hearnála daonnúla a mhéadú i gcás ina ndéantar iad a roghnú, a oiliúint agus a ullmhú go leormhaith chun a áirithiú go bhfuil na scileanna agus na hinniúlachtaí riachtanacha acu chun cabhair a thabhairt do dhaoine atá i ngátar ar an mbealach is éifeachtaí is féidir, ar choinníoll gur féidir leo brath ar*** |

| | |
|---|---|
| | ***thacaíocht agus ar mhaoirsiú leordhóthanach ar an láthair. Dá bhrí sin, tá ról na gcóitseálaithe nó na meantóirí ar an talamh a bhfuil ardscileanna acu, atá ardoilte agus a bhfuil taithí acu fíorthábhachtach chun rannchuidiú le héifeachtacht na freagartha daonnúla mar aon le tacú le saorálaithe.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Ba cheart go mbraithfeadh daoine óga agus eagraíochtaí atá rannpháirteach sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach gur cuid de phobal daoine agus eintiteas iad atá tiomanta do dhlúthpháirtíocht a fheabhsú ar fud na hEorpa. San am céanna, tá tacaíocht de dhíth ar eagraíochtaí rannpháirteacha chun a gcumas a neartú maidir le gníomhaíochtaí ardcháilíochta a thairiscint do líon méadaitheach rannpháirtithe. Tacaíonn an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach le gníomhaíochtaí líonraithe arb é is aidhm leo rannpháirtíocht daoine óga agus eagraíochtaí rannpháirteacha a neartú sa phobal seo, meon an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a chothú, agus malartú cleachtas ***úsáideach*** agus taithí a spreagadh. Cuidíonn na gníomhaíochtaí sin freisin chun feasacht a ardú faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach i measc gníomhaithe poiblí agus príobháideacha agus chun aiseolas a bhailiú ó rannpháirtithe agus ó eagraíochtaí rannpháirteacha maidir le cur chun feidhme an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. | (14) Ba cheart go mbraithfeadh daoine óga agus eagraíochtaí atá rannpháirteach sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach gur cuid de phobal daoine agus eintiteas iad atá tiomanta do dhlúthpháirtíocht a fheabhsú ar fud na hEorpa. San am céanna, tá tacaíocht de dhíth ar eagraíochtaí rannpháirteacha chun a gcumas a neartú maidir le gníomhaíochtaí ardcháilíochta a thairiscint do líon méadaitheach rannpháirtithe. Tacaíonn an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach le gníomhaíochtaí líonraithe atá dírithe ar rannpháirtíocht daoine óga agus eagraíochtaí rannpháirteacha a neartú sa phobal seo agus meon an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a chothú, chomh maith le malartú ***dea-chleachtas*** agus taithí a spreagadh. Rannchuidíonn na gníomhaíochtaí sin le feasacht a ardú faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach i measc gníomhaithe poiblí agus príobháideacha chomh maith le haiseolas ***mionsonraithe agus fiúntach*** a bhailiú ó rannpháirtithe agus ó eagraíochtaí rannpháirteacha maidir le ***céimeanna éagsúla de*** chur chun feidhme an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. ***Ba cheart go n-áiritheofar san aiseolas ceisteanna maidir le cuspóirí an*** |

***Chláir chun a gcomhlíonadh a mheas ar bhonn níos fearr.***

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(14a) Chun go gcuirfear an Clár chun feidhme go cuí, is gá níos mó infheictheachta agus feasachta agus is gá na deiseanna ar chistiú atá ar fáil a chur chun cinn tuilleadh, trí fheachtais faisnéise, lena n-áirítear Lá Eolais bliantúil faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach, agus modhanna dinimiciúla cumarsáide lena gcuirtear béim láidir ar na meáin shóisialta, lena n-áirithítear an fheasacht is mó is féidir i measc na spriocghrúpaí, idir dhaoine aonair agus eagraíochtaí.*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar cháilíocht na ngníomhaíochtaí agus na ndeiseanna ***eile*** a thairgtear faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach a áirithiú, go háirithe trí oiliúint, tacaíocht teanga, árachas, tacaíocht riaracháin agus tacaíocht iar-ghníomhaíochta a thairiscint do | (15) Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar cháilíocht ***agus aidhm na cuimsitheachta atá le baint amach*** trí na gníomhaíochtaí agus na deiseanna a thairgtear faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach a áirithiú, go háirithe trí oiliúint ***leormhaith ar líne nó as líne***, tacaíocht teanga, ***lóistín réasúnta,*** |

rannpháirtithe agus tríd an fhaisnéis, na scileanna agus na hinniúlachtaí a shealbhaigh siad le linn a n-eispéireas sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach a bhailíochtú. Is den mhórthábhacht iad slándáil agus sábháilteacht na ***saorálaithe agus*** níor cheart ***saorálaithe*** a imlonnú chuig oibríochtaí a dhéantar i limistéar coinbhleachtaí armtha idirnáisiúnta agus neamh-idirnáisiúnta.

árachas, ***nósanna imeachta simplithe*** riaracháin agus tacaíocht ***réamhghníomhaíochta agus*** iarghníomhaíochta a thairiscint do rannpháirtithe agus tríd an fhaisnéis, na scileanna agus na hinniúlachtaí a shealbhaigh siad le linn a n-eispéireas sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach a bhailíochtú. ***Ba cheart bearta tacaíochta a fhorbairt agus a chur ar fáil i gcomhar le heagraíochtaí don óige agus eagraíochtaí neamhbhrabúis eile agus eagraíochtaí eile na sochaí sibhialta chun leas a bhaint as a saineolais ar an réimse.*** Ba cheart slándáil agus sábháilteacht ***na rannpháirtithe agus na dtairbhithe beartaithe chomh maith leis sin*** a bheith ríthábhachtach i gcónaí***. Ba cheart go ndéanfadh gach gníomhaíocht prionsabal na coimhdeachta a chomhlíonadh.*** Níor cheart ***rannpháirtithe*** a imlonnú chun oibríochtaí a dhéantar i limistéar coinbhleachtaí armtha idirnáisiúnta agus neamh-idirnáisiúnta***, nó chuig saoráidí ina sáraítear caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine***. ***Ba cheart prionsabal 'leas an linbh' a bheith mar threoir ag na gníomhaíochtaí lena mbaineann teagmháil dhíreach le leanaí agus ba cheart, i gcás inarb iomchuí, go ndéanfar seiceálacha cúlra i leith rannpháirtithe nó bearta eile a ghlacadh d'fhonn cosaint leanaí a áirithiú.***

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15a) I gcomhréir le Treoirlíne AE maidir le cearta an linbh a chur chun cinn agus a chosaint (2017) agus le hAirteagal 9 de*** |

***Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas, maidir le daoine leochaileacha, amhail daoine faoi mhíchumas agus leanaí, tá an tAontas agus na Ballstáit leis an trasdul ó chúram institiúideach go cúram teaghlachbhunaithe agus pobalbhunaithe a chur chun cinn agus tacú leis. Sa chomhthéacs sin, níor cheart don Chlár tacú le bearta nó le tionscnaimh a chuireann bac ar an tiomantas deireadh a chur le hinstitiúidiú nó le haon socrúchán a dhéanfadh díobháil do leanaí nó do dhaoine faoi mhíchumas.***

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15b) Ba cheart lánurraim a thabhairt do phrionsabail an Aontais maidir le comhionannas deiseanna agus neamh-idirdhealú ag gach céim de chur chun feidhme an Chláir, lena n-áirítear le linn shainaithint agus roghnú na rannpháirtithe agus na n-eagraíochtaí.*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Chun tionchar ghníomhaíochtaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh ar fhorbairt phearsanta, oideachasúil, | (16) Chun tionchar ghníomhaíochtaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh ar fhorbairt phearsanta, oideachasúil, |

shóisialta, shibhialta agus ghairmiúil na rannpháirtithe a áirithiú, ní mór an fhaisnéis, na scileanna agus na hinniúlachtaí ar cuspóirí foghlama na gníomhaíochta iad a shainaithint agus a dhoiciméadú go cuí, i gcomhréir leis na himthosca agus na sainiúlachtaí náisiúnta, mar a mholtar sa Mholadh ón gComhairle an 20 Nollaig 2012 maidir leis an bhfoghlaim sheachfhoirmiúil agus an fhoghlaim neamhfhoirmiúil a bhailíochtú[22].

[22] Moladh ón gComhairle an 20 Nollaig 2012 maidir leis an bhfoghlaim sheachfhoirmiúil agus an fhoghlaim neamhfhoirmiúil a bhailíochtú, (IO C 398, 22.12.2012, lch. 1-5).

shóisialta, ***chultúrtha,*** shibhialta agus ghairmiúil na rannpháirtithe a áirithiú, ní mór an fhaisnéis, na scileanna agus na hinniúlachtaí ar cuspóirí foghlama na gníomhaíochta iad a shainaithint agus a dhoiciméadú go cuí, i gcomhréir leis na himthosca agus na sainiúlachtaí náisiúnta, mar a mholtar sa Mholadh ón gComhairle an 20 Nollaig 2012 maidir leis an bhfoghlaim sheachfhoirmiúil agus an fhoghlaim neamhfhoirmiúil a bhailíochtú[22]. ***Chun a áirithiú go gcuirfear gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta iomchuí ar fáil d'iarrthóirí cláraithe, ba cheart torthaí foghlama na ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a chur ar fáil dóibh sula gcinnfidh siad a bheith rannpháirteach. Chuige sin, ba cheart úsáid ionstraimí éifeachtacha ar leibhéal an Aontas agus ar an leibhéal náisiúnta le haghaidh aitheantas a thabhairt d'fhoghlaim neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta, amhail Youthpass agus Europass a spreagadh, de réir mar is iomchuí.***

[22] Moladh ón gComhairle an 20 Nollaig 2012 maidir leis an bhfoghlaim sheachfhoirmiúil agus an fhoghlaim neamhfhoirmiúil a bhailíochtú, (IO C 398, 22.12.2012, lch. 1-5).

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(16a) Ba cheart do na gníomhaireachtaí náisiúnta saorálaithe a spreagadh freisin le bheith ina n-ambasadóirí den Chlár chun a n-eispéiris a chomhroinnt trí*** |

***líonraí don óige, trí fhorais oideachais agus trí cheardlanna. D'fhéadfadh iarshaorálaithe nó iar-ambasadóirí rannchuidiú le hoiliúint na n-iarrthóirí amach anseo freisin.***

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Ba cheart don lipéad cáilíochta comhlíonadh na n-eagraíochtaí rannpháirteacha le prionsabail agus riachtanais an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a áirithiú, maidir lena gcearta agus lena bhfreagrachtaí ag gach céim d'eispéireas na dlúthpháirtíochta. Is réamhchoinníoll é an lipéad cáilíochta le bheith rannpháirteach ach níor cheart maoiniú faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach leanúint as sin go huathoibríoch. | (17) Ba cheart don lipéad cáilíochta comhlíonadh na n-eagraíochtaí rannpháirteacha le ***luachanna, prionsabail agus cuspóirí an Aontais mar aon le*** prionsabail agus riachtanais an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a áirithiú, maidir lena gcearta agus a bhfreagrachtaí***, agus a gcaighdeáin sábháilteachta,*** ag gach céim d'eispéireas na dlúthpháirtíochta***, lena n-áirítear le linn na gcéimeanna réamhghníomhaíochta agus iarghníomhaíochta***. Is réamhchoinníoll é an lipéad cáilíochta le bheith rannpháirteach ach níor cheart maoiniú faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach leanúint as sin go huathoibríoch. ***Ba cheart lipéid cháilíochta a idirdhealú bunaithe ar chineál na gníomhaíochta dlúthpháirtíochta.*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Aon eintiteas atá toilteanach a bheith rannpháirteach sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach, ba cheart dó lipéad cáilíochta a | (18) Aon eintiteas atá toilteanach a bheith rannpháirteach sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach, ba cheart dó lipéad cáilíochta a |

| | |
|---|---|
| fháil ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha iomchuí. An próiseas a mbronntar an lipéad cáilíochta ar a bhonn, ba cheart do chomhlachtaí cur chun feidhme an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh é a dhéanamh ar bhonn leanúnach. Ba cheart athmheasúnú ***tráthrialta*** a dhéanamh ar an lipéad cáilíochta a bhronntar agus ***d'fhéadfaí*** é a chúlghairm más amhlaidh, i gcomhthéacs na seiceálacha a dhéantar, nach bhfuil na coinníollacha faoinar bronnadh é á gcomhlíonadh a thuilleadh. | fháil ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha iomchuí***. Chun comhlíonadh na n-eagraíochtaí rannpháirteacha le prionsabail agus riachtanais an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a áirithiú, maidir lena gcearta agus lena bhfreagrachtaí ag gach céim d'eispéireas na dlúthpháirtíochta, ba cheart lipéid cháilíochta ar leith a chur i bhfeidhm i gcomhair saorálaíocht i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta, i gcomhair saorálaíocht mar thacaíocht d'oibríochtaí cabhrach daonnúla, agus i gcomhair cúrsaí oiliúna agus post, agus ba cheart go mbeidh na lipéid éagsúil ag brath ar fheidhm na heagraíochta rannpháirtí.*** An próiseas a mbronntar an lipéad cáilíochta ar a bhonn, ba cheart do chomhlachtaí cur chun feidhme an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh é a dhéanamh ar bhonn leanúnach. Ba cheart athmheasúnú ***tráthrialta*** a dhéanamh ar an lipéad cáilíochta a bhronntar agus ***ba cheart*** é a chúlghairm más amhlaidh, i gcomhthéacs na seiceálacha a dhéantar, nach bhfuil na coinníollacha faoinar bronnadh é á gcomhlíonadh a thuilleadh. ***Ba cheart an próiseas riaracháin a íoslaghdú sa chaoi nach gcuirfear bac ar eagraíochtaí níos lú a bheith rannpháirteach.*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(19a) Mar riail ghinearálta, ba cheart iarrataí ar dheontais a chur faoi bhráid ghníomhaireacht náisiúnta na tíre ina bhfuil an eagraíocht rannpháirteach lonnaithe. Iarrataí ar dheontais i gcomhair gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta arna n-eagrú ag eagraíochtaí uile-Eorpacha nó ag eagraíochtaí idirnáisiúnta, i gcomhair gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta de chuid foirne saorálaíochta i réimsí*** |

***tosaíochta a aithnítear ar leibhéal Eorpach, agus i gcomhair gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta mar thacaíocht d'oibríochtaí cabhrach daonnúla i dtríú tíortha, ba cheart iad a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúir (EACEA) a bunaíodh le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/766/AE ón gCoimisiún[1a].***

______________

***[1a] Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/766/AE ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2013 lena mbunaítear 'an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúir' agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/336/CE (*IO L 343, 19.12.2013, lch. 46*).***

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Féadfaidh eagraíochtaí rannpháirteacha roinnt feidhmeanna éagsúla a dhéanamh faoi chuimsiú an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. I bhfeidhm óstaigh, déanfaidh siad na gníomhaíochtaí a bhaineann le glacadh leis na rannpháirtithe, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a eagrú agus treoir agus tacaíocht a sholáthar do rannpháirtithe le linn na gníomhaíochta dlúthpháirtíochta, de réir mar is iomchuí. I bhfeidhm tacaíochta, déanfaidh siad gníomhaíochtaí i ndáil leis na rannpháirtithe a chur amach agus a ullmhú sula bhfágann siad agus le linn na gníomhaíochta dlúthpháirtíochta agus ina diaidh, lena n-áirítear oiliúint a thabhairt agus rannpháirtithe a chur i dtreo eagraíochtaí áitiúla tar éis na gníomhaíochta. | (20) Féadfaidh eagraíochtaí rannpháirteacha roinnt feidhmeanna éagsúla a dhéanamh faoi chuimsiú an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. I bhfeidhm óstach, déanfaidh siad gníomhaíochtaí a bhaineann le glacadh na rannpháirtithe, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí a eagrú agus treoir agus tacaíocht a chur ar fáil do rannpháirtithe le linn na gníomhaíochta dlúthpháirtíochta***, mar aon le haiseolas i ndiaidh na gníomhaíochta***, de réir mar is iomchuí. I bhfeidhm tacaíochta, déanfaidh siad gníomhaíochtaí a bhaineann leis na rannpháirtithe a sheoladh agus a ullmhú sula n-imeoidh siad, le linn na gníomhaíochta dlúthpháirtíochta agus ina diaidh, lena n-áirítear oiliúint a chur ar fáil do rannpháirtithe agus iad a threorú chuig eagraíochtaí áitiúla i ndiaidh na ngníomhaíochta***, chun cur leis na*** |

***deiseanna tuilleadh éispéiris dlúthpháirtíochta a fháil*. *Ba cheart go spreagfaidh gníomhaireachtaí náisiúnta saorálaithe le bheith ina n-ambasadóirí don Chlár agus a dtaithí phearsanta a roinnt trí líonraí don óige agus forais oideachais, agus dá bhrí sin an Clár a chur chun tosaigh. Chuige sin, ba cheart do ghníomhaireachtaí náisiúnta tacaíocht a chur ar fáil do shaorálaithe.***

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(20a) Chun tacú le gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta i measc daoine óga, ba cheart d'eagraíochtaí rannpháirteacha a bheith ina n-eintitis phoiblí nó phríobháideacha nó ina n-eagraíochtaí idirnáisiúnta, neamhbhrabúsacha nó brabúsacha, agus féadfar eagraíochtaí don óige, institiúidí reiligiúnacha agus comhlachtaí carthanais, eagraíochtaí tuata daonnachais, eagraíochtaí neamhrialtasacha nó gníomhaithe eile ón tsochaí shibhialta a áireamh ann. Níor cheart don Chlár cistiúchán a chur ar fáil ach chun an pháirt neamhbhrabúis de ghníomhaíochtaí na n-eagraíochtaí rannpháirteacha a chumhdach.*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Ba cheart méadú ar thionscadail de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a éascú. Ba cheart bearta sonracha a chur i | (21) Ba cheart méadú ar thionscadail de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a éascú. ***San am céanna, ba cheart*** |

bhfeidhm chun cabhrú le tionscnóirí thionscadail de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh iarratas ar dheontais a dhéanamh nó sineirgíochtaí a fhorbairt trí thacaíocht a thabhairt ó Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa agus ó na cláir a bhaineann le imirce, slándáil, ceartas agus saoránachta, sláinte agus cultúr**.**

***faisnéis atá cruinn agus a nuashonraítear go leanúnach a chur ar fáil do thairbhithe féideartha maidir leis na deiseanna sin.*** Ba cheart bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun cabhrú le tionscnóirí thionscadail de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh iarratas ar dheontais a dhéanamh nó sineirgí a fhorbairt trí thacaíocht na gCistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa agus na gclár a bhaineann le imirce, slándáil, ceartas agus saoránachta, sláinte agus cultúr.

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Ba cheart Tairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a fhorbairt i rith an ama chun rochtain éasca ar an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach a áirithiú ***agus chun*** ionad ilfhreastail ***a chur ar fáil*** do dhaoine agus d'eagraíochtaí ar spéis leo é maidir le, inter alia, clárúchán, sainaithint agus meaitseáil próifílí agus deiseanna, líonrú agus malartuithe fíorúla, oiliúint ar líne, tacaíocht teanga agus iar-ghníomhaíochta chomh maith le feidhmiúlachtaí úsáideacha eile, a d'fhéadfadh teacht chun cinn sa todhchaí. | (23) Ba cheart Tairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a fhorbairt i rith an ama chun rochtain éasca***, saor ó bhacainní agus soláimhsithe*** ar an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach a áirithiú***, i gcomhréir leis na caighdeáin arna mbunú le Treoir (AE) 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a]. Le Tairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh, cuirtear*** ionad ilfhreastail ar fáil do dhaoine agus d'eagraíochtaí ar spéis leo é maidir le, *inter alia*, clárúchán, sainaithint agus meaitseáil próifílí agus deiseanna, líonrú agus malartuithe fíorúla, oiliúint ar líne, tacaíocht teanga ***agus tacaíocht réamhghníomhaíochta*** agus iarghníomhaíochta***, sásra aiseolais agus measúnaithe*** chomh maith le feidhmiúlachtaí úsáideacha eile, a d'fhéadfadh teacht chun cinn sa todhchaí. ***Cé go bhfuil rochtain chomhtháthaithe ar raon éagsúil gníomhaíochtaí leis an ionad ilfhreastail, d'fhéadfadh bacainní fisiciúla, sóisialta agus eile teacht chun cinn do dhaoine áirithe agus iad ag iarraidh rochtain a fháil ar Tairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. Chun dul i ngleic le bacainní den sórt sin, ba*** |

***cheart d'eagraíochtaí rannpháirteacha tacaíocht chlárúcháin a chur ar fáil do rannpháirtithe.***

______________

***[1a] Treoir (AE) 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le hinrochtaineacht na suíomhanna gréasáin agus na bhfeidhmchlár móibíleach ag comhlachtaí na hearnála poiblí (IO L 327, 2.12.2016, lch. 1).***

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Ba cheart tuilleadh forbartha a dhéanamh ar Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh ag cur san áireamh an Creat Idir-Inoibritheachta Eorpach[23], lena dtugtar treoir shonrach ar an gcaoi le seirbhísí poiblí digiteacha idir-inoibritheacha a bhunú, agus a chuirtear chun feidhme sna Ballstáit agus i dtíortha eile is comhaltaí den Limistéar Eacnamaíoch Eorpach trí Chreata Idir-Inoibritheachta Náisiúnta. Tugtar sa Tairseach 47 moladh nithiúla do na húdaráis phoiblí i dtaca leis an gcaoi le rialachas ar a ngníomhaíochtaí idir-inoibritheachta a fheabhsú, le caidrimh thraseagraíochtúla a bhunú, le próisis a thacaíonn le seirbhísí digiteacha ó cheann go ceann a chuíchóiriú, agus lena n-áirithiú nach gcuireann an reachtaíocht atá ann cheana agus an reachtaíocht nua isteach ar na hiarrachtaí idir-inoibritheachta. | (24) Ba cheart tuilleadh forbartha a dhéanamh ar Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh ag cur san áireamh an Creat Idir-Inoibritheachta Eorpach[23], lena dtugtar treoir shonrach ar an gcaoi le seirbhísí poiblí digiteacha idir-inoibritheacha a bhunú, agus a chuirtear chun feidhme sna Ballstáit agus i dtíortha eile is comhaltaí den Limistéar Eacnamaíoch Eorpach trí Chreata Idir-Inoibritheachta Náisiúnta. Tugtar sa Tairseach 47 moladh nithiúla do na húdaráis phoiblí i dtaca leis an gcaoi le rialachas ar a ngníomhaíochtaí idir-inoibritheachta a fheabhsú, le caidrimh thraseagraíochtúla a bhunú, le próisis a thacaíonn le seirbhísí digiteacha ó cheann go ceann a chuíchóiriú, agus lena n-áirithiú nach gcuireann an reachtaíocht atá ann cheana agus an reachtaíocht nua isteach ar na hiarrachtaí idir-inoibritheachta. ***Sa bhreis air sin, ba cheart an Tairseach a thógáil i gcomhréir leis na caighdeáin arna mbunú le Treoir (AE) 2016/2102.*** |
| ______________ | ______________ |
| [23] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún – An Creat Idir-Inoibritheachta Eorpach – Straitéis Cur | [23] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún – An Creat Idir-Inoibritheachta Eorpach – Straitéis Cur |

| | |
|---|---|
| Chun Feidhme, (COM(2017) 134 final). | Chun Feidhme, (COM(2017) 134 final). |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(24a) Chun feabhas a chur ar thrédhearcacht an phróisis cur chun feidhme agus chun éifeachtúlacht an Chláir a mhéadú, ba cheart don Choimisiúin dul i gcomhairle le geallsealbhóirí príomha go rialta, lena n-áirítear eagraíochtaí rannpháirteacha, maidir le cur chun feidhme an Chláir.*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(24b) Chun dea-fheidhmiú an Chláir agus imlonnú tráthúil ghníomhaíochtaí an Chláir a áirithiú, tá sé bunriachtanach go gcuirfí sásraí i bhfeidhm laistigh de chláir oibre an Chláir chun a ráthú go gcuirfear tairiscintí i láthair iarrthóirí cláraithe laistigh de thréimhse réasúnta ama a d'fhéadfaí a thuar go réasúnta. Ba cheart, dá bhrí sin, faisnéis agus nuashonruithe tráthúla maidir leis na socrúcháin atá ar fáil agus na heagraíochtaí rannpháirteacha lena mbaineann a sheoladh chuig iarrthóirí cláraithe chun a rannpháirtíocht leis an gClár a spreagadh i ndiaidh dóibh clárú, agus san am céanna, deis a thabhairt dóibh teagmháil a dhéanamh go díreach leis na gníomhaithe lena mbaineann i réimse na dlúthpháirtíochta ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach araon.*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(27a) Tugann prionsabail an Aontais maidir le comhionannas deiseanna agus neamh-idirdhealú le fios gur cheart go mbeadh saoránaigh an Aontais agus cónaitheoirí fadtéarmacha san Aontas de gach aicme agus de gach aois in ann a bheith rannpháirteach mar shaoránaigh ghníomhacha. I bhfianaise na ndúshlán sonrach a bhaineann leis an ngníomhaíocht dhaonnúil, ba cheart na rannpháirtithe sa tionscnamh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE a bheith 18 mbliana d'aois ar a laghad agus is féidir leo teacht ó réimse leathan próifílí agus glúnta a bhfuil a gcuid scileanna ábhartha chun na hoibríochtaí daonnúla sin a chur i gcrích go rathúil.*** |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) Tugtar aird ar leith ar a áirithiú go mbíonn na gníomhaíochtaí a dtacaíonn an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach leo inrochtana ag gach duine óg, ***go háirithe iad siúd is mó atá faoi bhuntáiste***. Ba cheart bearta speisialta a bheith i bhfeidhm, dá bhrí sin, chun cuimsiú sóisialta agus rannpháirtíocht daoine óga faoi ***bhuntáiste*** a chur chun cinn, agus chun na srianta a bhaineann le hiargúltacht roinnt ceantair thuaithe agus na réigiún is forimeallaí den Aontas agus na tíortha agus na críocha thar lear a chur san áireamh. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart do na tíortha rannpháirteacha féachaint leis na bearta iomchuí uile a ghlacadh is gá chun deireadh a chur leis na bacainní dlí agus riaracháin atá ar fheidhmiú ceart an Chóir | (28) Ba cheart aird ar leith a dhíriú ar a áirithiú go mbeadh na gníomhaíochtaí a dtacaíonn an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach leo inrochtana ag gach duine óg, ***go háirithe iad siúd ar lú iad na deiseanna a bhíonn acu, mar a shonraítear tuilleadh sa Straitéis um Chuimsiú agus Éagsúlacht arna forbairt agus arna cur i bhfeidhm laistigh de chreat chlár Erasmus+***. Ba cheart bearta speisialta***, amhail formáidí iomchuí de ghníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta agus treoir phearsantaithe,*** a chur i bhfeidhm chun cuimsiú sóisialta agus rannpháirtíocht daoine óga ***ar lú iad na deiseanna a bhíonn acu*** a chur chun cinn, chomh maith leis na srianta a bhaineann le hiargúltacht roinnt réigiún agus leis na réigiúin is |

| | |
|---|---|
| Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. Ba cheart go réiteodh an méid sin, nuair is féidir, agus gan dochar do acquis Schengen agus dlí an Aontais maidir le dul isteach agus cónaí náisiúnach tríú tíortha, na fhadhbanna riaracháin a chruthaíonn deacrachtaí i dtaca le víosaí agus ceadanna cónaithe a fháil, agus le Cárta Árachais Sláinte Eorpach a eisiúint i gcás gníomhaíochtaí trasteorann laistigh den Aontas Eorpach. | forimeallaí den Aontas agus na Tíortha agus na Críocha thar lear, a chur san áireamh***. Chuige sin, i gcás daoine óga ar lú iad na deiseanna a bhíonn acu, gan dochar don deis a bhíonn acu rannpháirt a ghlacadh go lánaimseartha agus i dtír seachas an tír chónaithe, ba cheart an deis a bheith acu freisin rannpháirt a ghlacadh go páirtaimseartha nó sa tír chónaithe, agus ba cheart go mbainfidís leas as bearta eile arb é is aidhm leo a rannpháirtíocht sa Chlár a éascú***. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart do na tíortha rannpháirteacha féachaint leis na bearta iomchuí uile a ghlacadh is gá chun deireadh a chur leis na bacainní dlí agus riaracháin atá ar fheidhmiú ceart an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. Ba cheart go réiteodh an méid sin, nuair is féidir, agus gan dochar do *acquis* Schengen agus dlí an Aontais maidir le dul isteach agus cónaí náisiúnach tríú tíortha, na fadhbanna riaracháin a chruthaíonn deacrachtaí i dtaca le víosaí agus ceadanna cónaithe a fháil, agus le Cárta Árachais Sláinte Eorpach a eisiúint i gcás gníomhaíochtaí trasteorann laistigh den Aontas Eorpach. |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(28a) Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar acmhainn na n-ósteagraíochtaí comhpháirtíochta i dtríú tíortha agus ar an ngá atá le gníomhaíochtaí na saorálaithe a dhaingniú sa chomhthéacs áitiúil agus le hidirghníomhaíocht na saorálaithe le gníomhaithe áitiúla daonnúla, leis an bpobal óstála agus leis an tsochaí shibhialta a éascú, agus ba cheart tacú leis an méid sin.*** |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Mar léiriú ar a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais an Aontais Comhaontú Pháras a chur chun feidhme agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach, cuideoidh an Clár seo beart ar son na haeráide a phríomhshruthú agus an sprioc fhoriomlán a bhaint amach go gcaithfear 25 % de chaiteachais bhuiséadacha an Aontais mar thacaíocht do chuspóirí aeráide. Sainaithneofar bearta ábhartha le linn ullmhú agus chur chun feidhme an Chláir, agus déanfar athmheasúnú ar na bearta sin mar chuid de na meastóireachtaí agus na próisis athbhreithnithe ábhartha. | (29) Tá tábhacht ag baint le dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir leis na gealltanais atá tugtha ag an Aontas Comhaontú Pháras agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, agus léiriú air sin is ea é go rannchuideoidh an Clár seo le bearta ar son na haeráide a phríomhshruthú agus chun sprioc fhoriomlán 25 % ***ar a laghad*** de chaiteachais bhuiséadacha an Aontais a ghnóthú maidir le tacú le cuspóirí na haeráide ***thar thréimhse 2021-2027 den Creat Airgeadais Ilbhliantúil, agus sprioc bhliantúil 30 % a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná 2027***. Sainaithneofar bearta ábhartha le linn ullmhú agus chur chun feidhme an Chláir, agus déanfar athmheasúnú ar na bearta sin mar chuid de na meastóireachtaí agus na próisis athbhreithnithe ábhartha. |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(30a) Ba cheart sciar leordhóthanach den bhuiséad a dhíriú ar mhalartú dea-chleachtas idir na Ballstáit agus ar fhorbairt líonraí don óige.*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (35) I gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún A stronger and renewed strategic partnership with the EU's outermost regions [Comhpháirtíocht straitéiseach neartaithe athnuaite leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas][31], ba cheart a chur san áireamh sa Chlár staid ar leith na réigiún sin. Déanfar bearta chun rannpháirtíocht na réigiún is forimeallaí sna gníomhaíochtaí uile a mhéadú. Déanfar faireachán agus meastóireacht rialta ar na bearta sin. | (35) I gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún A stronger and renewed strategic partnership with the EU's outermost regions [Comhpháirtíocht straitéiseach neartaithe athnuaite leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas][31], ba cheart a chur san áireamh sa Chlár staid ar leith na réigiún sin. Déanfar bearta chun rannpháirtíocht na réigiún is forimeallaí sna gníomhaíochtaí uile***, lena n-áirítear poiblíocht threisithe,*** a mhéadú. Déanfar faireachán agus meastóireacht rialta ar na bearta sin. |
| [31] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta A stronger and renewed strategic partnership with the EU's outermost regions [Comhpháirtíocht straitéiseach neartaithe athnuaite leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas] COM(2017) 623 final). | [31] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta A stronger and renewed strategic partnership with the EU's outermost regions [Comhpháirtíocht straitéiseach neartaithe athnuaite leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas] COM(2017) 623 final). |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (36) I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais***, ba cheart don Choimisiún cláir oibre a ghlacadh agus Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas faoi sin***. Ba cheart na bearta is gá leis na cláir oibre a chur chun feidhme a leagan amach sa chlár oibre, i gcomhréir le cuspóirí ginearálta agus sonracha an Chláir, leis na critéir roghnúcháin agus dámhachtana le haghaidh deontas, chomh maith le gach aon ghné eile is gá. Ba cheart | (36) ***Ós rud e go gcuirtear an Clár i bhfeidhm thar thréimhse seacht mbliana, is gá foráil a dhéanamh le haghaidh solúbthacht leormhaith chun gur féidir leis an gClár oiriúnú do na hathruithe atá ag teacht ar an saol agus do thosaíochtaí polaitiúla maidir le cur chun feidhme gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta. Mar sin, ní leagtar amach go mion sa Rialachán seo cén chaoi a ndearfar na gníomhaíochtaí agus ní dhéantar*** |

na cláir oibre agus aon leasú a dhéantar orthu a ghlacadh ***trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin***.

***réamhbhreithiúnas ar thosaíochtaí polaitiúla ná ar thosaíochtaí buiséadacha faoi seach do na seacht mbliana atá le teacht. Ina áit sin, ba cheart na roghanna agus tosaíochtaí beartais tánaisteacha, lena n-áirítear mionsonraí beart sonrach, atá le cur chun feidhme trí na gníomhaíochtaí éagsúla a chinneadh trí chlár oibre bliantúil*** i gcomhréir le ***Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a] (***an Rialachán Airgeadais***)***. Ba cheart na bearta is gá leis na cláir oibre a chur chun feidhme a leagan amach ***freisin*** sa chlár oibre , i gcomhréir le cuspóirí ginearálta agus sonracha an Chláir, leis na critéir roghnúcháin agus dámhachtana le haghaidh deontas, chomh maith le gach aon ghné eile is gá. Ba cheart cláir oibre agus aon leasú a dhéantar orthu a ghlacadh ***trí bhíthin gníomhartha tarmligthe***. ***Chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, ba cheart don Choimisiún, le linn dó gníomhartha tarmligthe a ullmhú agus a tharraingt suas, dul i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus a áirithiú go ndéanfar doiciméid ábhartha a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí***.

***[1a] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018).***

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 38**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (38) Ba cheart for-rochtain iomchuí, poiblíocht agus scaipeadh na ndeiseanna agus thorthaí na ngníomhaíochtaí a dtacaíonn an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach leo a áirithiú ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta agus áitiúil. Ba cheart aird ar leith a a thabhairt ar fhiontair shóisialta a spreagann iad le tacú le gníomhaíochtaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. Ba cheart na gníomhaíochtaí for-rochtana, poiblíochta agus scaipthe a bheith ag brath ar chomhlachtaí cur chun feidhme uile an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh, ***lena n-áirítear***, i gcás inarb ábhartha, ***le*** tacaíocht na bpríomhpháirtithe leasmhara eile. | (38) Ba cheart for-rochtain iomchuí, poiblíocht agus scaipeadh na ndeiseanna agus thorthaí na ngníomhaíochtaí a dtacaíonn an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach leo a áirithiú ar an leibhéal Eorpach, ***réigiúnach,*** náisiúnta agus áitiúil***. Ba cheart go gcuirfí an Clár chun cinn trí mhodhanna dinimiciúla cumarsáide, a dhíríonn go háirithe ar na meáin shóisialta, chun freastal ar líon mór iarrthóirí ionchasacha***. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar fhiontair shóisialta a spreagann iad le tacú le gníomhaíochtaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. Ba cheart do na gníomhaíochtaí for-rochtana, poiblíochta agus scaipthe tarraingt ar chomhlachtaí cur chun feidhme uile ***an Chláir, ar shuíomhanna gréasáin an Aontais, ar chlár an Aontais a bhaineann leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach, agus ba cheart***, más ábhartha, tacaíocht ó phríomhpháirtithe leasmhara eile ***a bheith ag gabháil leo***. |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 39**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (39) D'fhonn cuspóirí an Chláir a bhaint amach níos fearr, ba cheart don Choimisiún, do na Ballstáit agus do na ghníomhaireachtaí náisiúnta a bheith ag obair i ndlúthchomhar le chéile i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí neamhrialtasach, eagraíochtaí don óige agus páirtithe leasmhara áitiúla a bhfuil saineolas acu ar ghníomhaíochtaí | (39) Chun cuspóirí an Chláir a bhaint amach ar bhealach níos fearr, ba cheart don Choimisiún, do na Ballstáit agus do na gníomhaireachtaí náisiúnta oibriú i ndlúthchomhar le chéile i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí neamhrialtasacha, ***fiontair shóisialta,*** eagraíochtaí don óige***, eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do dhaoine faoi mhíchumas,*** agus geallsealbhóirí áitiúla a |

| | |
|---|---|
| dlúthpháirtíochta. | bhfuil saineolas acu ar ghníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta***, lena n-áirítear bonneagar saorálaithe agus gníomhaireachtaí tacaíochta amhail ionaid saorálaithe***. |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (40) Chun an chumarsáid leis an bpobal i gcoitinne a dhéanamh níos éifeachtúla agus chun sineirgíochtaí idir gníomhaíochtaí cumarsáide a dhéantar ar thionscnamh an Choimisiúin a threisiú, ba cheart na hacmhainní a leithdháiltear ar ghníomhaíochtaí cumarsáide faoin Rialachán seo a bheith ina gcuidiú freisin chun cumarsáid chorparáideach thosaíochtaí polaitiúla an Aontais Eorpaigh a chumhdach, ar choinníoll go mbaineann na gníomhaíochtaí sin le cuspóir ginearálta an Rialacháin seo. | (40) Chun an chumarsáid leis an bpobal i gcoitinne a dhéanamh níos éifeachtúla agus chun sineirgí idir gníomhaíochtaí cumarsáide a dhéantar ar thionscnamh an Choimisiúin a threisiú, ba cheart na hacmhainní a leithdháiltear ar ghníomhaíochtaí cumarsáide faoin Rialachán seo a bheith ina gcuidiú freisin chun cumarsáid chorparáideach thosaíochtaí polaitiúla an Aontais Eorpaigh a chumhdach ***ar bhealach atá saor ó bhacainní***, ar choinníoll go mbaineann na gníomhaíochtaí sin le cuspóir ginearálta an Rialacháin seo. |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 42**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (42) Chun bainistíocht fhónta airgeadais agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú i ngach tír rannpháirteach, ba cheart do gach údarás náisiúnta comhlacht neamhspleách iniúchóireachta a ainmniú. Más indéanta, agus d'fhonn an leibhéal éifeachtúlachta is fearr is féidir a bhaint amach, féadfaidh an comhlacht neamhspleách iniúchóireachta céanna arna ainmniú do na bearta dá dtagraítear i gCaibidil III de [Rialachán nua Erasmus] a bheith i gceist anseo. | (42) Chun bainistíocht fhónta airgeadais***, optamú costas*** agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú i ngach tír rannpháirteach, ba cheart do gach údarás náisiúnta comhlacht neamhspleách iniúchóireachta a ainmniú. Más indéanta, agus d'fhonn an leibhéal éifeachtúlachta is fearr is féidir a bhaint amach, féadfaidh an comhlacht neamhspleách iniúchóireachta céanna arna ainmniú do na bearta dá dtagraítear i gCaibidil III de [Rialachán nua Erasmus] a bheith i gceist anseo. |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 43**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (43) Ba cheart do na Ballstáit féachaint leis na bearta iomchuí uile a ghlacadh is gá chun deireadh a chur le bacainní dlí agus riaracháin ar fheidhmiú ceart an Chláir. Áirítear leis sin teacht ar réiteach, nuair is féidir, agus gan dochar do dhlí an Aontais maidir le dul isteach agus cónaí náisiúnach tríú tíortha, ar fhadhbanna a chruthaíonn deacrachtaí maidir le víosaí agus ceadanna cónaithe a fháil. I gcomhréir le Treoir (AE) 2016/801 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32], spreagtar na Ballstáit le nósanna imeachta meara um ligean isteach a bhunú. | (43) Ba cheart do na Ballstáit féachaint leis na bearta iomchuí uile a ghlacadh is gá chun deireadh a chur le bacainní dlí agus riaracháin ar fheidhmiú ceart an Chláir. Áirítear leis sin teacht ar réiteach, nuair is féidir, agus gan dochar do dhlí an Aontais maidir le hiontráil agus cónaí náisiúnach tríú tíortha, ar saincheisteanna iad a chruthaíonn deacrachtaí víosaí agus ceadanna cónaithe a fháil***, agus fadhbanna eile dlí lena bhféadfaí rochtain ar an gclár a chosc do dhaoine óga***. I gcomhréir le Treoir (AE) 2016/801 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32], spreagtar na Ballstáit le nósanna imeachta meara um ligean isteach a bhunú. |
| [32] Treoir (AE) 2016/801 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le coinníollacha dul isteach agus cónaithe náisiúnach tríú tíortha chun críocha taighde, staidéar, oiliúna, seirbhís dheonach, scéimeanna malartaithe daltaí, tionscadal oideachais agus obair au pair (IO L 132, 21.5.2016, lch. 21). | [32] Treoir (AE) 2016/801 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le coinníollacha dul isteach agus cónaithe náisiúnach tríú tíortha chun críocha taighde, staidéar, oiliúna, seirbhís dheonach, scéimeanna malartaithe daltaí, tionscadal oideachais agus obair au pair (IO L 132, 21.5.2016, lch. 21). |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 45**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(45) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir*** | ***scriosta*** |

***le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[33].***

***[33] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011. Lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55 28.2.2011 lch.13).***

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 48**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (48) Leis an Rialachán seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh[35]. Go háirithe, féachann an Rialachán seo lena n-áirithiú go n-urramaítear an ceart chun comhionannas idir fir agus mná agus an ceart chun neamh-idirdhealaithe ar bhonn inscne, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiúin nó creidimh, aoise nó claonta ghnéasaigh, agus le cur i bhfeidhm Airteagal 21 agus Airteagal 23 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn. | (48) Leis an Rialachán seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh[35]. Go háirithe, féachann an Rialachán seo lena n-áirithiú go n-urramaítear an ceart chun comhionannas idir fir agus mná agus an ceart chun neamh-idirdhealaithe ar bhonn inscne, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiúin nó creidimh, aoise nó claonta ghnéasaigh***, cúlra socheacnamaíoch*** agus le cur i bhfeidhm Airteagal 21 agus Airteagal 23 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn. |
| [35] Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (IO C 326, 26.10.2012, lch. 391). | [35] Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (IO C 326, 26.10.2012, lch. 391). |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) ciallaíonn "gníomhaíocht dlúthpháirtíochta" gníomhaíocht ***shealadach*** ar ardcháilíocht atá ina cuidiú chun cuspóirí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a bhaint amach***,*** cuir i gcás saorálaíocht, cúrsaí oiliúna, poist, tionscadail dlúthpháirtíochta agus gníomhaíochtaí líonraithe i réimsí éagsúla, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí sin dá dtagraítear i mír 13, lena n-áirithítear an breisluach Eorpach agus comhlíonadh rialacháin sláinte agus sábháilteachta; | (1) ciallaíonn ‘gníomhaíocht dlúthpháirtíochta’ gníomhaíocht shealadach ar ardcháilíocht, cuimsitheach agus leormhaoinithe ***a dhíríonn ar dhúshláin shochaíocha thábhachtacha chun leasa pobail nó na sochaí ar an iomlán,*** a rannchuidíonn le cuspóirí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a bhaint amach, mar shampla saorálaíocht, cúrsaí oiliúna, poist, tionscadail dlúthpháirtíochta agus gníomhaíochtaí líonraithe i réimsí éagsúla, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí sin dá dtagraítear i mír 13, lena n-áirithítear an breisluach Eorpach agus comhlíonadh na rialachán sláinte agus sábháilteachta ***agus caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine***; |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) ciallaíonn "iarrthóir cláraithe" duine idir aois 17 agus 30 bliain d'aois, a chláraigh ar Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh chun suim a léiriú i ngníomhaíocht dlúthpháirtíochta ach nach bhfuil rannpháirteach i ngníomhaíocht den chineál sin go fóill; | (2) ciallaíonn ‘iarrthóir cláraithe’ duine idir aois 17 agus 30 bliain d’aois***, a bhfuil cónaí dlíthiúil air i dtír rannpháirteach*** agus a chláraigh ar Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh chun suim a léiriú i ngníomhaíocht dlúthpháirtíochta ach nach bhfuil rannpháirteach i ngníomhaíocht den chineál sin go fóill; |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) ciallaíonn "rannpháirtí" duine idir aois 18 agus 30 d'aois atá cláraithe ar Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus atá rannpháirteach i ngníomhaíocht dlúthpháirtíochta faoi choimirce an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh; | (3) ciallaíonn 'rannpháirtí' duine idir aois 18 agus 30 d'aois***, a bhfuil cónaí dlíthiúil air i dtír rannpháirteach,*** a chláraigh ar Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus ***a ghlacann rannpháirt*** i ngníomhaíocht dlúthpháirtíochta faoi choimirce an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh; |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) ciallaíonn "daoine óga ar lú iad na deiseanna a bhíonn acu" daoine ***óga a bhfuil bacainní éigin orthu a chuireann cosc orthu rochtain éifeachtach a bheith acu ar dheiseanna faoin gClár ar chúiseanna eacnamaíocha, sóisialta, cultúrtha, geografacha nó ar chúiseanna*** sláinte ***nó toisc go bhfuil siad faoi mhíchumas nó*** go bhfuil deacrachtaí oideachais acu; | (4) ciallaíonn 'daoine óga ar lú na deiseanna atá acu' daoine ***a bhfuil tacaíocht bhreise uathu mar thoradh ar*** bhacainní ***éagsúla, mar shampla, míchumas, fadhbanna*** sláinte, deacraíochtaí oideachasúla, ***a gcúlra imirce, difríochtaí cultúrtha, a staid eacnamaíoch, shóisialta agus gheografach, lena n-áirítear daoine ó phobail imeallaithe nó daoine óga a bhfuil baol ann go ndéanfaí idirdhealú orthu bunaithe ar aon cheann de na forais a chumhdaítear in Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh***; |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) ciallaíonn "eagraíocht rannpháirteach" aon eintiteas poiblí nó príobháideach, idir eintiteas áitiúil, réigiúnach, náisiúnta nó idirnáisiúnta, ar | (5) ciallaíonn 'eagraíocht rannpháirteach' aon eintiteas poiblí nó príobháideach, bíodh sé sin ina ***eintiteas neamhbhrabúis nó ina eintiteas brabúis,*** |

| | |
|---|---|
| bronnadh lipéad cáilíochta an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh orthu; | agus ina eintiteas áitiúil, réigiúnach, náisiúnta nó idirnáisiúnta, ar bronnadh lipéad cáilíochta an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh air, i bhfeidhm óstaigh, i bhfeidhm thacaíochta, nó sa dá fheidhm***, lena n-áirithítear go mbeidh an t-eintiteas sin in ann gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta ar ardcháilíocht a chur chun feidhme i gcomhréir le cuspóirí an Chláir***; |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) ciallaíonn "saorálaíocht" gníomhaíocht dlúthpháirtíochta ***ar gníomhaíocht dheonach gan íocaíocht é*** a mhaireann suas le 12 mhí; | (6) ciallaíonn 'saorálaíocht' gníomhaíocht ***roghnach dlúthpháirtíochta ar gníomhaíocht é a théann chun tairbhe don phobal, a chuidíonn le leas an phobail a bhaint amach, a dhéanann duine ina chuid ama shaor nó ina cuid ama shaor agus a dhéanann sé nó sí de dá dheoin féin nó dá deoin féin, gan a bheith i dteideal íocaíochta,*** ar feadh tréimhse a mhaireann suas le 12 mhí; |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) ciallaíonn "cúrsa oiliúna" gníomhaíocht dlúthpháirtíochta a mhaireann idir ***2*** mhí agus 6 mhí is féidir a athnuachan uair amháin ar feadh uastréimhse 12 mhí, arb í an eagraíocht rannpháirteach a óstálann an rannpháirtí sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach a dhéanann é a thairiscint agus a íoc; | (7) ciallaíonn 'cúrsa oiliúna' gníomhaíocht dlúthpháirtíochta ***íoctha i bhfoirm cleachtas oibre laistigh d'eagraíocht rannpháirteach*** a mhaireann idir ***3*** mhí agus 6 mhí is féidir a athnuachan uair amháin ar feadh uastréimhse 12 mhí***,*** arb í an eagraíocht rannpháirteach atá ag óstáil an rannpháirtí de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a thairgeann í agus a íocann aisti ***agus a mbaineann comhchuid foghlama léi ar mhaithe le*** |

| | |
|---|---|
| | ***scileanna agus taithí ábhartha a fháil***; |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) ciallaíonn "post" gníomhaíocht dlúthpháirtíochta a mhaireann idir ***2*** mhí agus 12 mhí a dhéanann an eagraíocht rannpháirteach a fhostaíonn an rannpháirtí sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach a íoc; | (8) ciallaíonn 'post' gníomhaíocht dlúthpháirtíochta ***ar íocaíocht chóir*** a mhaireann idir ***3*** mhí agus 12 mhí***, a bhfuil comhpháirt foghlama agus oiliúna mar chuid de, atá bunaithe ar chomhaontú i scríbhinn agus*** a dhéanann an eagraíocht rannpháirteach a fhostaíonn an rannpháirtí sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach ***a thairiscint agus*** a íoc***, agus nach gcuirtear in ionad deis fostaíochta atá ann cheana***; |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) ciallaíonn "tionscadal dlúthpháirtíochta" gníomhaíocht dlúthpháirtíochta intíre gan íocaíocht a mhaireann suas le 12 mhí, arna déanamh ag grúpaí de 5 rannpháirtí sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach ar a laghad, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin ina bpobal ach breisluach Eorpach soiléir a léiriú san am céanna; | (9) ciallaíonn 'tionscadal dlúthpháirtíochta' gníomhaíocht dlúthpháirtíochta intíre ***nó thrasteorann*** gan íocaíocht a mhaireann suas le 12 mhí, arna déanamh ag grúpaí de 5 rannpháirtí sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach ar a laghad, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin ina bpobal ach breisluach Eorpach soiléir a léiriú san am céanna; |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) ciallaíonn "lipéad cáilíochta" an deimhniúchán a bhronntar ar eagraíocht | (10) ciallaíonn 'lipéad cáilíochta' an deimhniúchán a bhronntar***, ar bhonn*** |

| | |
|---|---|
| rannpháirteach atá toilteanach gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a chur ar fáil faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach i gcáil óstaigh agus/nó i bhfeidhm tacaíochta; | ***riachtanais athraitheacha éagsúla ag brath ar an gcineál gníomhaíochta dlúthpháirtíochta arna chur ar fáil,*** ar eagraíocht rannpháirteach atá toilteanach gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a chur ar fáil faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach, i gcáil óstaigh agus/nó i bhfeidhm tacaíochta***, lena ndeimhnítear gur féidir leis an eagraíocht cáilíocht na ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a áirithiú, ag gach céim d'eispéireas na dlúthpháirtíochta, i gcomhréir le prionsabail agus le cuspóirí an Chláir***; |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Is é cuspóir ginearálta an Chláir rannpháirtíocht daoine óga agus eagraíochtaí a fheabhsú i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta atá inrochtana agus ar ardcháilíocht mar mhodh chun cuidiú le comhtháthú, dlúthpháirtíocht ***agus*** daonlathas a neartú san Aontas agus ar an gcoigríoch agus ***aghaidh a thabhairt ar*** dhúshláin na sochaí agus dúshláin dhaonnúla ar an talamh, ag díriú go háirithe ar an gcuimsiú sóisialta a chur chun cinn. | 1. Is é cuspóir ginearálta an Chláir ***dlúthpháirtíocht a chur chun cinn mar luach, tríd an tsaorálaíocht go príomha, i measc glúin de dhaoine*** óga ***ar dóchúla go mbeidís rannpháirteach i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta agus i measc*** eagraíochtaí, rannpháirtíocht a fheabhsú i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta atá inrochtana agus ar ardcháilíocht mar mhodh chun cuidiú le comhtháthú ***sóisialta***, dlúthpháirtíocht***,*** daonlathas***, féiniúlacht Eorpach agus saoránacht ghníomhach*** a neartú san Aontas agus ar an gcoigríoch***, tacú le pobail agus freagairt*** ar dhúshláin na sochaí agus dúshláin dhaonnúla ar an talamh, ag díriú go háirithe ar an gcuimsiú sóisialta ***agus comhionannas deiseanna*** a chur chun cinn. |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Is é cuspóir sonrach an Chláir deiseanna atá inrochtana go héasca a sholáthar do dhaoine óga, lena n-áirítear daoine óga ar lú iad na deiseanna a bhíonn acu, chun gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a dhéanamh san Eoraip agus ar an gcoigríoch, agus feabhas a chur ag an am céanna ar a gcuid inniúlachtaí, agus a n-infhostaitheacht agus a n-aistriú isteach i margadh an tsaothair a éascú san am céanna. | 2. Is é cuspóir sonrach an Chláir deiseanna atá inrochtana go héasca ***agus cuimsitheach*** a sholáthar do dhaoine óga, lena n-áirítear daoine óga ar lú iad na deiseanna a bhíonn acu, chun gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a dhéanamh ***as a dtiocfaidh athruithe dearfacha sochaíocha*** san Eoraip agus ar an gcoigríoch, agus feabhas a chur ag an am céanna ar a gcuid inniúlachtaí ***forbartha pearsanta, oideachasúla, sóisialta, cultúrtha, sibhialta agus gairmiúla***, ***agus na hinniúlachtaí sin a bhailíochtú, mar aon lena rannpháirtíocht leanúnach mar shaoránaigh ghníomhacha,*** a n-infhostaitheacht agus a n-aistriú isteach i margadh an tsaothair a éascú san am céanna. |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Áiritheofar freisin san aiseolas arna sholáthar ag na rannpháirtithe agus ag na heagraíochtaí rannpháirteacha measúnú ar chomhlíonadh chuspóirí an Chláir.*** |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) rannpháirtíocht daoine óga i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a thugann aghaidh ar dhúshláin na sochaí, mar a thagraítear dó in Airteagal 6; | (a) rannpháirtíocht daoine óga i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a thugann aghaidh ar dhúshláin na sochaí, mar a thagraítear dó in Airteagal 6 ***agus iarrachtaí na Spriocanna Forbartha*** |

***Inbhuanaithe a bhaint amach***;

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) rannpháirtíocht daoine óga i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a bhaineann leis an gcabhair dhaonnúil (an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil) mar a thagraítear dó in Airteagal 10. | (b) rannpháirtíocht daoine óga ***agus daoine a bhfuil saineolas acu*** i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a bhaineann leis an gcabhair dhaonnúil (an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil) amhail dá dtagraítear in Airteagal 10 ***agus gníomhaíochtaí laistigh den Aontas, agus lasmuigh de, atá dírithe ar chur le hacmhainn na n-ósteagraíochtaí i dtaca le cabhair dhaonnúil i dtríú tíortha dá dtagraítear in Airteagal 11***. |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Déanfar cuspóirí oibríochtúla na ngníomhaíochtaí agus na tosaíochtaí beartais comhfhreagracha atá le cur chun feidhme trí na gníomhaíochtaí faoi na gnéithe dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo a shonrú go mion sna cláir oibre bhliantúla a bheidh le glacadh de bhun Airteagal 18.*** |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) cúrsaí oiliúna agus poist, mar a thagraítear dóibh in Airteagal 8; | (b) cúrsaí oiliúna ***ardchaighdeáin*** agus poist ***ardchaighdeáin***, dá dtagraítear in Airteagal 8; |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) ***an cur chuige*** atá acu i dtaca le daoine óga ó chúlraí éagsúla a bheith rannpháirteach; | (d) ***an chuimsitheacht agus an cumas éifeachtach*** atá acu i dtaca le daoine óga ó chúlraí éagsúla***, lena n-áirítear daoine óga faoi mhíchumas,*** a bheith rannpháirteach; |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Mar chuid de na cláir oibre bhliantúla arna ghlacadh de bhun Airteagal 18, beidh liosta gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith díobhálach do rannpháirtithe, do thairbhithe nó don tsochaí, nó mí-oiriúnach do rannpháirtithe, agus nach ndéanfar faoi*** |

| | |
|---|---|
| | ***chuimsiú an Chláir nó a bheidh faoi réir oiliúint speisialta, seiceálacha cúlra nó bearta eile.*** |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) cumas na n-eagraíochtaí rannpháirteacha tionscadal ar cháilíocht ***mhaith*** a thairiscint do líon méadaitheach rannpháirtithe sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach, an cumas sin a neartú ; | (a) cumas na n-eagraíochtaí rannpháirteacha a neartú tionscadal ar ***ardcháilíocht, atá inrochtana go héasca agus leormhaoinithe*** a thairiscint do líon méadaitheach rannpháirtithe sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach; |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) rannpháirtithe nua, idir dhaoine óga agus eagraíochtaí rannpháirteacha, a mhealladh; | (b) rannpháirtithe nua, idir dhaoine óga ***agus iad siúd a bhfuil roinnt taithí acu ar an tionscnamh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE agus*** eagraíochtaí rannpháirteacha, a mhealladh; |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) rochtain ar na gníomhaíochtaí ar fad arna dtairiscint a éascú do dhaoine faoi mhíchumas;*** |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) deiseanna aiseolais a thabhairt maidir le gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta; agus | (c) deiseanna aiseolas a thabhairt maidir le gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta ***agus an Clár a chur chun cinn mar ambasadóir chomh maith***; agus |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) bearta chun tairbhithe gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a chosaint, lena n-áirítear oiliúint spriocdhírithe na rannpháirtithe a dhéanann gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta chun leasa grúpaí leochaileacha, lena n-áirítear leanaí, agus*** |

***seiceálacha cúlra na rannpháirtithe a oibríonn le leanaí;***

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe a b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ab) bearta a bhfuil sé mar aidhm leo cuimsiú sóisialta agus comhionannas deiseanna a chur chun cinn, go háirithe do dhaoine óga ar lú na deiseanna a bhíonn acu, amhail formáidí iomchuí de ghníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta agus tacaíocht phearsantaithe;*** |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe a c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ac) bearta a bhfuil sé mar aidhm leo fothú acmhainneachta agus tacaíocht riaracháin le haghaidh na n-eagraíochtaí rannpháirteacha a áirithiú;*** |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) forbairt agus cothabháil ***lipéid*** cáilíochta le haghaidh eintitis atá toilteanach gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a sholáthar don Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach; | (b) forbairt agus cothabháil ***na lipéad*** cáilíochta le haghaidh eintitis atá toilteanach gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a sholáthar don Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach; |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) Tairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus seirbhísí ábhartha eile ar líne, chomh maith leis ***na*** córais tacaíochta TF agus uirlisí gréasánbhunaithe is gá, a bhunú, a chothabháil agus a nuashonrú. | (d) tairseach ***inrochtana de chuid*** Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpach ***i ngach teanga oifigiúil an Aontais, ar a laghad*** agus seirbhísí ábhartha eile ar líne, chomh maith leis na córais tacaíochta TF agus uirlisí gréasánbhunaithe is gá, a bhunú, a chothabháil agus a nuashonrú***, a chomhlíonfaidh na ceanglais inrochtaineachta i dTreoir (AE) 2016/2102***. |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) bearta a spreagann fiontair shóisialta tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí an Chláir nó a*** |

***cheadaíonn d’fhostaithe a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí saorálaíochta faoi chuimsiú an Chláir.***

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe d b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(db) forbairt nós imeachta a bheidh soiléir agus mionsonraithe, a bheidh dírithe ar rannpháirtithe agus eagraíochtaí rannpháirteacha, lena gcuirfear ar bun na bearta agus na tréimsí ama a bhaineann le gach céim de na gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta;*** |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Gníomhaíochtaí a chuirtear chun feidhme faoin ngné "Rannpháirtíocht daoine óga i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a thugann aghaidh ar dhúshláin na sochaí", ba cheart iad a bheith ina gcuidiú go háirithe chun an comhtháthú, an dlúthpháirtíocht agus an daonlathas a neartú san Aontas agus ar an gcoigríoch, agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na sochaí freisin agus iarracht ar leith a dhéanamh an cuimsiú sóisialta a chur chun cinn. | 1. Gníomhaíochtaí a chuirtear chun feidhme faoin ngné "Rannpháirtíocht daoine óga i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a thugann aghaidh ar dhúshláin na sochaí", ba cheart iad a bheith ina gcuidiú go háirithe chun an comhtháthú***, an tsaoránacht***, an dlúthpháirtíocht agus an daonlathas a neartú san Aontas agus ar an gcoigríoch, agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na sochaí freisin agus iarracht ar leith a dhéanamh an cuimsiú sóisialta ***agus comhionannas deiseanna*** a chur chun |

| | |
|---|---|
| | cinn. |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) cúrsaí oiliúna agus poist, mar a thagraítear dóibh in Airteagal 8; | (b) cúrsaí oiliúna ***ardchaighdeáin*** agus poist ***ardchaighdeáin***, dá dtagraítear in Airteagal 8; |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áireofar le saorálaíocht mar a thagraítear dó ***i bpointe (a) d'Airteagal 4.1***, ***comhpháirt*** foghlama ***agus*** oiliúna, ní thairgfear í in ionad cúrsaí oiliúna ná post, ní hionann í agus fostaíocht agus beidh sí bunaithe ar chomhaontú saorálaíochta i scríbhinn. | 1. Áireofar le saorálaíocht amhail dá dtagraítear i bpointe (***b***) d'Airteagal ***4(1)***, ***comhpháirt láidir oideachais agus*** foghlama ***agus oiliúint ar líne agus as líne saincheaptha don ghníomhaíocht atá i gceist atá le tarlú roimh an ngníomhaíocht agus lena linn***, ***beidh sé mar aidhm aici tionchar soiléir a bheith aici ar riachtanais sainaitheanta an phobail***, ní thairgfear í in ionad cúrsaí oiliúna ná post, ní bheidh sí ionann le fostaíocht agus beidh sí bunaithe ar chomhaontú saorálaíochta i scríbhinn ***i gcomhréir leis an dlí náisiúnta ábhartha***. ***Áiritheofar le comhaontú den sórt sin cosaint leormhaith dhlíthiúil, shóisialta agus airgeadais don rannpháirtí.*** |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Féadfar*** saorálaíocht a dhéanamh i dtír nach tír chónaithe an rannpháirtí í (trasteorann) nó i dtír chónaithe an rannpháirtí (intíre). | 2. ***Mar riail, déanfar*** an tsaorálaíocht i dtír nach tír chónaithe an rannpháirtí í (trasteorann)***. Féadfar saorálaíocht a dhéanamh*** i dtír chónaithe an rannpháirtí (intíre)***, ach ní bheidh sí ar fáil ach do rannpháirtíocht dhaoine óga ar lú na deiseanna a bhíonn acu agus áiritheofar ann rannpháirtíocht rannpháirtithe a bhfuil cónaí orthu i dtír nach í an tír ina mbeidh an ghníomhaíocht ar siúl***. |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Beidh cúrsa oiliúna***, mar a thagraítear dó i bpointe (b) d'Airteagal 4.1*** bunaithe ar chomhaontú i scríbhinn an chúrsa oiliúna i gcomhréir leis an gcreat rialála is infheidhme sa tír ina ndéanfar an cúrsa oiliúna, de réir mar is iomchuí, agus ***ag cur*** san áireamh phrionsabail an Chreata Cáilíochta le haghaidh Cúrsaí Oiliúna (2014/C 88/01). Ní thairgfear cúrsaí oiliúna in ionad post. | 1. ***Beidh*** cúrsa oiliúna ***ar íocaíocht agus beidh sé*** bunaithe ar chomhaontú cúrsa oiliúna i scríbhinn ***a chuirfear i gcrích ag tús na tréimhse oiliúna*** i gcomhréir leis an gcreat rialála is infheidhme sa tír ina ndéanfar an cúrsa oiliúna, de réir mar is iomchuí ***Léireofar sa chomhaontú cúrsa oiliúna na spriocanna oideachasúla, na coinníollacha oibre, fad na tréimhse oiliúna, an luach saothair a gheobhaidh an rannpháirtí agus cearta agus oibleagáidí na bpáirtithe*** agus ***tabharfar*** aird ar phrionsabail an Chreata |

Cáilíochta le haghaidh Sealanna Oiliúna (2014/C 88/01). Ní thairgfear cúrsaí oiliúna in ionad post.

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh post, ***mar a thagraítear dó i bpointe (b) d'Airteagal 4.1***, bunaithe ar chonradh fostaíochta ***i gcomhréir le creat rialála*** náisiúnta na tíre ***rannpháirtí ina bhfuil*** an post á dhéanamh. Ní mhairfidh an tacaíocht airgeadais a thabharfar d'eagraíochtaí rannpháirteacha atá ag tairiscint post níos mó ná ***12*** mhí i gcásanna ina théann fad an chonartha fostaíochta thar ***12*** mhí. | 2. Beidh post ar chonradh fostaíochta ***i scríbhinn a dhéanann urramú ar na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta uile arna mbunú i ndlí*** náisiúnta na tíre ***ina bhfuil an post á dhéanamh, i gcomhaontuithe comhchoiteanna is infheidhme, nó iontu araon***. Ní rachaidh an tacaíocht airgeadais d’eagraíochtaí rannpháirteacha a thairgeann poist thar 12 mhí i gcásanna ina maireann an conradh fostaíochta ar feadh níos mó ná 12 mhí. |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Cuimseofar comhpháirt foghlama agus oiliúna sna cúrsaí oiliúna agus sna poist. | 3. Cuimseofar ***láidir oideachais agus*** foghlama sna cúrsaí oiliúna agus sna poist ***roimh an ngníomhaíocht agus lena linn, chun cabhrú leis an rannpháirtí taithí ábhartha a fháil d’fhonn inniúlachtaí a fhorbairt a bheidh úsáideach d’fhorbairt phearsanta, oideachasúil, shóisialta, shibhialta agus ghairmiúil an*** |

***rannpháirtí***.

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. ***Féadfar*** cúrsaí oiliúna agus poist a dhéanamh i dtír nach tír chónaithe an rannpháirtí í (trasteorann) ***nó*** i dtír chónaithe an rannpháirtí (intíre). | 4. ***Mar riail, déanfar*** cúrsaí oiliúna agus poist i dtír nach tír chónaithe an rannpháirtí í (trasteorann)***. Féadfar cúrsaí oiliúna agus poist a dhéanamh*** i dtír chónaithe an rannpháirtí (intíre)***, ach ní bheidh siad ar fáil ach do rannpháirtíocht dhaoine óga ar lú na deiseanna a bhíonn acu agus áiritheofar ann rannpháirtíocht rannpháirtithe a bhfuil cónaí orthu i dtír nach í an tír ina mbeidh an ghníomhaíocht ar siúl***. |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Leithdháilfear buiséad leormhaith chun cistiú a dhéanamh ar lóistín réasúnta a chuirfidh ar chumas daoine faoi mhíchumas a bheith rannpháirteach go héifeachtach ar bhonn comhionann le daoine eile, i gcomhréir le hAirteagal 27 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas agus le Treoir 2000/78/CE ón gComhairle[1a].*** |

[1a] ***Treoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha (IO L 303, 2.12.2000, lch. 16)***

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Gníomhaíochtaí a chuirfear chun feidhme faoin ngné "an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil", cuideoidh siad go háirithe chun cabhair dhaonnúil riachtanaisbhunaithe a sholáthar, arb é is aidhm léi beatha a chaomhnú, fulaingt an duine a chosc agus a mhaolú agus dínit an duine a chothabháil agus acmhainn agus teacht aniar pobal atá soghonta nó atá buailte le tubaiste a neartú. | 1. Gníomhaíochtaí a chuirfear chun feidhme faoin ngné ‘an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil’, cuideoidh siad go háirithe le cabhair dhaonnúil atá bunaithe ar riachtanais a sholáthar, arb é is aidhm léi beatha a chaomhnú, fulaingt an duine a chosc agus a mhaolú agus dínit an duine a chaomhnú ***i gcomhthéacs tubaistí nádúrtha nó tubaistí de dhéantús an duine*** agus acmhainn agus athléimneacht ***pobal atá*** soghonta, ***leochaileach nó atá thíos le tubaistí nádúrtha nó tubaistí de dhéantús an duine*** a neartú***, agus an t-aistriú ón bhfreagairt dhaonnúil go dtí forbairt fhadtéarmach inbhuanaithe agus chuimsitheach a éascú***. |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar ***na gníomhaíochtaí*** faoin gCaibidil seo i gcomhréir le prionsabail na cabhrach daonnúla, eadhon daonnacht, neodracht, neamhchlaontacht agus neamhspleáchas. | 2. Déanfar ***gníomhaíochtaí*** faoin gCaibidil seo i gcomhréir leis an ***gComhdhearcadh Eorpach maidir le Cabhair Dhaonnúil, faoina gcuirfear chun cinn bunphrionsabail*** na cabhrach daonnúla, eadhon daonnacht, neodracht, neamhchlaontacht agus neamhspleáchas ***fad a athdhearbhófar, san am céanna, tiomantas láidir an Aontais i leith cur chuige bunaithe ar riachtanais, gan idirdhealú a dhéanamh idir na pobail a ndéantar difear dóibh, ná laistigh díobh, agus fad a urramaítear an dlí idirnáisiúnta.*** |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Seachadtar cabhair dhaonnúil an Aontais i staideanna ina bhféadfadh ionstraimí eile a bhaineann le comhar um fhorbairt, le bainistíocht géarchéime agus le cosaint shibhialta a bheith i bhfeidhm. Oibreoidh an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil ar bhealach comhleanúnach agus comhlántach agus seachnóidh sé forluí ar bheartais agus ionstraimí ábhartha an Aontais, go háirithe beartas an Aontais maidir le cabhair dhaonnúil, beartas an Aontais maidir le comhar forbartha agus an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta.*** |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2b. Chun freagairt idirnáisiúnta chomhleanúnach do ghéarchéimeanna daonnúla a chur chun cinn, beidh na gníomhaíochtaí faoin gCaibidil seo i gcomhréir leo siúd arna gcomhordú ag Oifig na Náisiún Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla.*** |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2c. Rannchuideoidh an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil le neartú ghné na hinscne i gcabhair dhaonnúil an Aontais agus cuirfidh sé freagairtí leormhaithe daonnúla do riachtanais shonracha na mban chun cinn. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chomhar le grúpaí agus le líonraí ban chun rannpháirtíocht agus ceannaireacht na mban i gcabhair dhaonnúil a chur chun cinn agus tarraingt ar a gcumais agus ar a saineolas chun rannchuidiú le téarnamh, le cothú na síochána, le laghdú ar riosca tubaistí agus le hathléimneacht pobal atá buailte.*** |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2d. Leagfar amach téarmaí sonracha an imlonnaithe, i ndlúthchomhairle leis na hósteagraíochtaí, i gconradh idir na heagraíochtaí seolta agus an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil, lena n-áirítear na cearta agus na hoibleagáidí, fad na tréimhse agus ionad an imlonnaithe agus na cúraimí.*** |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 3 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) tionscadail dlúthpháirtíochta;*** |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***3a. Ar bhonn measúnú roimh ré ar riachtanais i dtríú tíortha, tacóidh an Rialachán seo le gníomhaíochtaí atá dírithe ar an acmhainn cabhrach daonnúla a neartú chun an ullmhacht áitiúil agus an fhreagairt do ghéarchéimeanna cabhrach daonnúla a fheabhsú agus chun a áirithiú go mbeidh tionchar éifeachtach agus inbhuanaithe ag obair na saorálaithe ar an talamh, lena n-áirítear:*** |
| | ***(a) bainistiú na rioscaí a bhaineann le tubaistí nádúrtha, an ullmhacht dóibh agus an fhreagairt orthu, cóitseáil, oiliúint i mbainistiú saorálaithe, agus réimsí ábhartha eile le haghaidh foirne agus saorálaithe ó ósteagraíochtaí;*** |
| | ***(b) dea-chleachtais a mhalartú, cúnamh teicniúil, cláir nasctha agus malartú foirne agus saorálaithe, líonraí a chruthú agus gníomhaíochtaí ábhartha eile.*** |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3b. Leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh le bunachar sonraí Shaorálaithe Cabhrach AE, déanfaidh sé cothabháil air, tabharfaidh sé cothrom le dáta é, rialóidh sé an rochtain air agus an úsáid a bhaintear as, lena n-áirítear maidir le hinfhaighteacht agus oiriúnacht Shaorálaithe Cabhrach AE, lenar féidir rannpháirtíocht leanúnach saorálaithe fillte a áirithiú. Déanfar na sonraí pearsanta a bhaileofar sa bhunachar sonraí sin, nó a bhaileofar lena aghaidh, a phróiseáil, i gcás inarb ábhartha, i*** |

***gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a] agus Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1b].***

---

***[1a] Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, p. 1).***

***[1b] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).***

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áireofar le saorálaíocht chun tacú le hoibríochtaí cabhrach daonnúla ***mar a thagraítear di i bpointe (a) d'Airteagal 4.1***, ***comhpháirt*** foghlama agus oiliúna, ní thairgfear í in ionad cúrsaí oiliúna ná post, agus beidh sí bunaithe ar chomhaontú saorálaíochta i scríbhinn. | 1. Áireofar le saorálaíocht chun tacú le hoibríochtaí cabhrach daonnúla foghlaim agus oiliúint ***leormhaith, lena n-áirítear roimh thús na gníomhaíochta, atá nasctha le tionscadail ina mbeidh saorálaithe óga rannpháirteach, agus béim chuí á leagan ar phrionsabail na cabhrach daonnúla dá dtagraítear in*** |

| | |
|---|---|
| | ***Airteagal 10(2), lena n-áirítear an prionsabal 'ná déan díobháil', agus*** ní thairgfear ***í*** in ionad cúrsaí oiliúna ná post, agus beidh sí bunaithe ar chomhaontú saorálaíochta i scríbhinn. |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Déanfar rannpháirtíocht saorálaithe áitiúla ó thríú tíortha a chothú sa tionscnamh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE.*** |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Ní féidir saorálaíocht faoin ngné seo a dhéanamh ***i dtríú tíortha***, ach amháin más rud é: | 2. Ní féidir saorálaíocht faoin ngné seo a dhéanamh, ach amháin más rud é: |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Ar bhonn réamh-mheasúnú ar na riachtanais i dtríú tíortha arna ndéanamh ag na heagraíochtaí seolta agus na hósteagraíochtaí, agus gníomhaithe ábhartha eile, tacóidh an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil le gníomhaíochtaí atá dírithe ar an méid seo a leanas:*** |
| | ***(a) acmhainn na n-ósteagraíochtaí i dtaca le cabhair dhaonnúil i dtríú tíortha a neartú chun feabhas a chur ar an ullmhacht áitiúil agus ar an bhfreagairt áitiúil do ghéarchéimeanna daonnúla agus chun a áirithiú go mbeidh tionchar éifeachtach agus inbhuanaithe ag obair an Chóir Shaorálaigh Eorpaigh um Chabhair Dhaonnúil ar an talamh trí bhainistiú an bhaoil tubaiste, trí ullmhacht agus tríd an bhfreagairt, tríd an aistriú ón bhfreagairt dhaonnúil go dtí forbairt áitiúil inbhuanaithe, trí chóitseáil, agus trí oiliúint i mbainistiú saorálaithe;*** |
| | ***(b) dea-chleachtais a mhalartú, cúnamh teicniúil, cláir nasctha agus an fhoireann agus saorálaithe a mhalartú.*** |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2b. Tabharfar tús áite don mheasúnú ar leibhéal an riosca i dtaca le sábháilteacht agus slándáil na saorálaithe, go háirithe i*** |

***dtíortha nó i gceantair a mheastar a bheith neamhchobhsaí, nó ina bhfuil gar-rioscaí.***

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 2 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2c. Is ar chríoch an Aontais go príomha a dhéanfar feachtais chumarsáide faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach a bhaineann leis an tionscnamh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE agus beidh siad dírithe ar an obair atá déanta ag saorálaithe agus oibrithe cabhrach daonnúla faoi phrionsabail na cabhrach daonnúla, eadhon daonnacht, neamhspleáchas, neodracht agus neamhchlaontacht, ar a bhfuil a gcuid gníomhaíochtaí bunaithe.*** |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 2 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2d. Comhlíonfaidh na rannpháirtithe na fíor-riachtanais agus na fíorbhearnaí arna sainaithint ar an leibhéal áitiúil ag na hósteagraíochtaí.*** |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 11a*** |
| | ***Saorálaithe is iarrthóirí a shainaithint agus a roghnú*** |
| | ***1. Ar bhonn measúnú roimh ré ar na riachtanais i dtríú tíortha, déanfaidh an Coimisiún saorálaithe is iarrthóirí a shainaithint agus a roghnú le haghaidh oiliúna i gcomhar leis na gníomhaireachtaí náisiúnta agus na hósteagraíochtaí.*** |
| | ***2. Déanfar saorálaithe is iarrthóirí a shainaithint agus a roghnú i gcomhréir le hAirteagal 14, agus prionsabail an neamh-idirdhealaithe, an chomhionannais inscne agus chomhionannais deiseanna á n-urramú.*** |
| | ***3. Na teorainneacha aoise amhail dá dtagraítear in Airteagal 2 agus Airteagal 15, ní chuirfear i bhfeidhm iad maidir leis an tsaorálaíocht a thacaíonn le hoibríochtaí cabhrach daonnúla faoin Airteagal seo.*** |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 11b*** |

***Oiliúint a chur ar shaorálaithe is iarrthóirí***

***1. Agus é ag cur leis na cláir agus na nósanna imeachta atá ann cheana, déanfaidh an Coimisiún clár oiliúna a bhunú chun na saorálaithe is iarrthóirí a ullmhú chun tacú le gníomhaíochtaí cabhrach daonnúla agus iad a chomhlánú.***

***2. Beidh saorálaithe is iarrthóirí a sainaithníodh agus a roghnaíodh i gcomhréir leis an nós imeachta um iarratas incháilithe le bheith rannpháirteach sa chlár oiliúna arna chur chun feidhme ag eagraíochtaí cáilithe. Maidir le raon feidhme aonair agus inneachar na hoiliúna a bheidh le déanamh ag gach saorálaí is iarrthóir, déanfar an méid sin a chinneadh i gcomhairle leis an ósteagraíocht dheimhnithe, de réir na riachtanas atá ann, agus taithí roimh ré an tsaorálaí is iarrthóir agus suíomh an imlonnaithe atá beartaithe á gcur san áireamh.***

***3. Áireofar sa chlár oiliúna measúnú ar ullmhacht na saorálaithe is iarrthóirí a bheith imlonnaithe chun tacú le cabhair dhaonnúil i dtríú tíortha agus iad a chomhlánú, agus chun na riachtanais áitiúla a chomhlíonadh.***

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Is é EUR 1 260 000 000 i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme an Chláir don tréimhse 2021 – | 1. Is é EUR ***1 112 988 000 i bpraghsanna 2018 [EUR*** 1 260 000 000 i bpraghsanna reatha***]*** a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme an Chláir don tréimhse 2021- |

| | |
|---|---|
| 2027. | 2027. |

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfar an méid dá dtagraítear i mír 1 a úsáid le haghaidh cúnamh teicniúil agus cúnamh riaracháin chun an Clár a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchóireachta agus meastóireachta, lena n-áirítear córais teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha. | 2. Féadfar an méid dá dtagraítear i mír 1 a úsáid le haghaidh cúnamh teicniúil agus cúnamh riaracháin chun an Clár a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchóireachta agus meastóireachta, lena n-áirítear córais teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha. ***Ba cheart méid leordhóthanach den bhuiséad a dhíriú freisin ar mhalartú deachleachtas idir na Ballstáit agus ar fhorbairt líonraí don óige.*** |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 29 chun an Rialachán seo a leasú ar mhaithe le solúbthacht agus oiriúnú den mhiondealú táscach buiséadach de réir gníomhaíochtaí a cheadú faoi Airteagal 12a. Leis na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh faoin Airteagal seo, léireofar na*** |

***tosaíochtaí polaitiúla nua tríd an miondealú a choigeartú agus corrlach uasta 20 % á urramú.***

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 12a*** |
| | ***Miondealú an bhuiséid atá tiomnaithe do ghníomhaíochta faoi Airteagail 7, 8, 9, agus 11.*** |
| | ***Is mar seo a leanas a bheidh miondealú táscach an bhuiséid atá tiomnaithe do ghníomhaíochta faoi Airteagail 7, 8, 9, agus 11:*** |
| | ***(a) i gcomhair saorálaíocht i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta agus i dtionscadail dlúthpháirtíochta, mar a shonraítear in Airteagal 7 agus in Airteagal 9: 86 %;*** |
| | ***(b) i gcomhair cúrsaí oiliúna agus post, mar a shonraítear in Airteagal 8: 8 %; agus*** |
| | ***(c) i gcomhair saorálaíocht mar thacaíocht d'oibríochtaí cabhrach daonnúla, mar a shonraítear in Airteagal 11: 6 %.*** |

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfar cistiú a sholáthar ón gClár, agus an cistiú sin in aon cheann de na foirmeacha a leagtar síos sa Rialachán Airgeadais, go háirithe deontais, duaiseanna agus soláthar. | 2. Féadfar cistiú a sholáthar ón gClár, agus an cistiú sin in aon cheann de na foirmeacha a leagtar síos sa Rialachán Airgeadais, go háirithe deontais, duaiseanna agus soláthar. ***Chun na ceanglais ar thairbhithe a shimpliú, déanfar úsáid a bhaint as cnapshuimeanna, costais aonaid agus cistiú ar ráta comhréidh a mhéid agus is féidir.*** |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Maidir leis an ranníocaíochtaí airgeadais arna ndéanamh ag tríú tíortha leis an gClár agus a mbeifear ag súil léi uathu, a luaithe a bheidh faisnéis leordhóthanach ar fáil, déanfar í a thuairisciú chuig an dá bhrainse den údarás buiséadach mar chuid de thuairisciú bliantúil agus/nó eatramhach an Chláir.*** |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Do rannpháirtithe a théann go tír eile, ráthófar an cúram sláinte iomlán atá ar*** |

***fáil dóibh ina mBallstát cónaithe, ní cúram sláinte i gcás práinne amháin a bheidh i gceist. Soláthrófar cúram sláinte trí sheirbhísí poiblí sláinte an Bhallstáit ina ndéanfar an ghníomhaíocht agus, in éagmais seirbhísí den sórt sin nó i gcás soiléir de neamh-chomhlíonadh chaighdeáin cháilíochta an Bhallstáit chónaithe, trí sheirbhísí príobháideacha sláinte an Bhallstáit ina ndéanfar an ghníomhaíocht.***

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. Agus an Rialachán seo á chur chun feidhme, déanfaidh an Coimisiún, na Ballstáit agus tíortha rannpháirteacha eile cuimsiú sóisialta agus coinníollacha rochtana comhionanna a chur chun cinn, lena n-áirítear maidir le rannpháirtíocht daoine óga ar lú na deiseanna a bhíonn acu.*** |

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Beidh an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach oscailte do rannpháirtíocht eintiteas poiblí nó príobháideach, nó | 1. Beidh an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach oscailte do rannpháirtíocht eintiteas poiblí nó príobháideach***, bíodh sé*** |

eagraíochtaí idirnáisiúnta, ar choinníoll go bhfuil lipéad cáilíochta an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh faighte acu.

***sin ina eintiteas neamhbhrabúis nó ina eintiteas brabúis,*** agus rannpháirtíocht eagraíochtaí idirnáisiúnta, ***lena n-áirítear eagraíochtaí don óige, institiúidí reiligiúnacha, comhlachtaí carthanais, eagraíochtaí tuata daonnachais, eagraíochtaí neamhrialtasacha nó gníomhaithe eile ón tsochaí shibhialta, ar choinníoll go gcuireann siad gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta ar fáil, go bhfuil pearsantacht dhlítheanach acu faoi dhlí na tíre ina bhfuil siad cláraithe agus*** ar choinníoll go bhfuil lipéad cáilíochta an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh faighte acu. ***Déanfaidh lipéad cáilíochta a dheimhniú go bhféadfadh na gníomhaíochtaí na cuspóirí faoi Airteagal 3 a chomhlíonadh agus na bearta faoi Airteagal 4 a sholáthar.***

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh comhlacht inniúil cur chun feidhme an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh measúnú ar iarratas ó eintiteas le bheith ina eagraíocht rannpháirteach de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh ar bhonn na bprionsabal maidir le cóir chomhionann; deiseanna comhionanna agus neamh-idirdhealú; ionadú post a sheachaint; soláthar gníomhaíochtaí ar ardcháilíocht lena mbainfidh gné foghlama ag díriú ar fhorbairt phearsanta, soch-oideachasúil, agus ghairmiúil; socruithe oiliúna, oibre agus saorálaíochta leormhaithe; timpeallacht agus coinníollacha sábháilte agus córa; agus an 'prionsabal neamhbhrabúis' i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais. Leis na | 2. Déanfaidh comhlacht inniúil cur chun feidhme an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh measúnú ar iarratas ó eintiteas le bheith ina eagraíocht rannpháirteach de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh ar bhonn na bprionsabal maidir le cóir chomhionann; deiseanna comhionanna agus neamh-idirdhealú; ionadú post a sheachaint; soláthar gníomhaíochtaí ar ardcháilíocht***, atá inrochtana go héasca agus cuimsitheach*** lena mbainfidh ***breisluach soiléir do riachtanais sainaitheanta an phobail, agus*** gné foghlama ag díriú ar fhorbairt phearsanta, soch-oideachasúil, agus ghairmiúil; socruithe oiliúna, oibre agus saorálaíochta leormhaithe; timpeallacht agus |

prionsabail thuas déantar a chinneadh an gcomhlíontar ceanglais an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh le gníomhaíochtaí an eintitis sin.

coinníollacha sábháilte agus córa; agus an 'prionsabal neamhbhrabúis' i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais. Leis na prionsabail thuas déantar a chinneadh an gcomhlíontar ceanglais ***agus cuspóirí*** an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh le gníomhaíochtaí an eintitis sin. ***Ní dhéanfar an lipéad cáilíochta a shannadh ach d'eagraíochtaí a ghabhann orthu féin cloí leis na prionsabail sin.***

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 3. Mar thoradh ar an measúnú féadfar lipéad cáilíochta an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a bhronnadh ar an eintiteas. Déanfar an lipéad a fuarthas a athmheasúnú go tréimhsiúil agus ***féadfar*** é a chúlghairm. | 3. Mar thoradh ar an measúnú, féadfar lipéad cáilíochta an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a bhronnadh ar an eintiteas. ***Beidh na ceanglais shonracha atá le comhlíonadh chun lipéad cáilíochta a fháil éagsúil ag brath ar chineál na gníomhaíochta dlúthpháirtíochta agus ar fheidhm an eintitis.*** Déanfar an lipéad a fuarthas a athmheasúnú go tréimhsiúil agus ***i gcás ina mbaintear mí-úsáid as an lipéad sin nó i gcás ina mainnítear na prionsabail a leagtar amach i mír 2 a chomhlíonadh, déanfar an lipéad*** a chúlghairm. ***Déanfaidh aon eintiteas a dhéanann athrú suntasach ar a ghníomhaíochtaí é sin a chur in iúl don chomhlacht inniúil cur chun feidhme le haghaidh athmheasúnú.*** |

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Beidh rochtain ag eagraíochtaí rannpháirteacha ar tugadh lipéad cáilíochta dóibh ar ardán chun iarrthóirí oiriúnacha a chuardach go héasca chun go mbeidh an próiseas níos éasca do na rannpháirtithe agus na heagraíochtaí rannpháirteacha araon le tabhairt faoi ghníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta.*** |

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 4 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4b. Déanfaidh eagraíochtaí rannpháirteacha cur chun cinn an Chláir a éascú trí dheis a thabhairt d'iar-rannpháirtithe a gcuid eispéireas a chomhroinnt agus gníomhú mar ambasadóirí don ghlúin nua de rannpháirtithe a d'fhéadfadh a bheith ann trí bhíthin líonra.*** |

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. Déanfaidh eagraíochtaí rannpháirteacha feidhmeanna éagsúla faoi chuimsiú an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. I bhfeidhm óstaigh, déanfaidh siad gníomhaíochtaí a bhaineann le tairiscintí a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta do rannpháirtithe cláraithe, le roghnú agus glacadh na rannpháirtithe, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí a eagrú, treoir agus tacaíocht a chur ar fáil do rannpháirtithe le linn gach céim den ghníomhaíocht dlúthpháirtíochta, timpeallacht oibre shábháilte agus áisiúil a sholáthar do rannpháirtithe, agus aiseolas a chur ar fáil don rannpháirtí i ndiaidh na gníomhaíochta, de réir mar is iomchuí. I bhfeidhm thacaíochta, déanfaidh siad gníomhaíochtaí a bhaineann le seoladh agus ullmhú na rannpháirtithe, agus tacú leo, sula n-imeoidh siad, agus le linn na gníomhaíochta dlúthpháirtíochta agus ina diaidh, lena n-áirítear oiliúint a chur ar rannpháirtithe agus iad a threorú chuig eagraíochtaí áitiúla i ndiaidh na gníomhaíochta. Eagraíochtaí i gcáil tacaíochta, féadfaidh siad tacaíocht riaracháin agus lóistíochta a sholáthar do rannpháirtithe i dtionscadail dlúthpháirtíochta.*** |

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh aon eintiteas poiblí nó príobháideach atá bunaithe i dtír | Féadfaidh aon eintiteas poiblí nó príobháideach atá bunaithe i dtír |

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| rannpháirteach chomh maith le heagraíochtaí idirnáisiúnta iarratas a dhéanamh ar chistiú faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach. I gcás na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 7, Airteagal 8 agus Airteagal 11, gheobhaidh an eagraíocht rannpháirteach lipéad cáilíochta mar réamhchoinníoll le cistiú a fháil faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach. I gcás na dtionscadal dlúthpháirtíochta dá dtagraítear in Airteagal 9, féadfaidh daoine nádúrtha cur isteach freisin ar chistiú thar ceann grúpaí neamhfhoirmiúla de rannpháirtithe sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach. | rannpháirteach chomh maith le heagraíochtaí idirnáisiúnta iarratas a dhéanamh ar chistiú faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach. I gcás na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 7, Airteagal 8 agus Airteagal 11, gheobhaidh an eagraíocht rannpháirteach lipéad cáilíochta mar réamhchoinníoll le cistiú a fháil faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach. I gcás na dtionscadal dlúthpháirtíochta dá dtagraítear in Airteagal 9, féadfaidh daoine nádúrtha cur isteach freisin ar chistiú thar ceann grúpaí neamhfhoirmiúla de rannpháirtithe sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach. ***Mar riail ghinearálta, cuirfear iarraidh ar dheontais faoi bhráid ghníomhaireacht náisiúnta na tíre ina bhfuil an eagraíocht lonnaithe. Iarrataí ar dheontais i gcomhair gníomhaíochtaí arna n-eagrú ag eagraíochtaí uile-Eorpacha nó ag eagraíochtaí idirnáisiúnta, i gcomhair gníomhaíochtaí de chuid foirne saorálaíochta i réimsí tosaíochta a aithnítear ar leibhéal Eorpach, agus i gcomhair gníomhaíochtaí mar thacaíocht d'oibríochtaí cabhrach daonnúla i dtríú tíortha, ba cheart iad a chur faoi bhráid EACEA.*** |

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Clár ***oibre*** | Clár ***oibre bliantúil*** |

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír -1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cinnfear na roghanna agus tosaíochtaí beartais tánaisteacha, lena n-áirítear mionsonraí beart sonrach a leagtar amach in Airteagal 4 go hAirteagal 11, ar bhonn bliantúil trí chlár oibre mar a thagraítear dó in Airteagal [110] den Rialachán Airgeadais. Leagfar amach sa chlár oibre bliantúil freisin mionsonraithe maidir le cur chun feidhme an Chláir. Ina theannta sin, tabharfar le fios sa chlár oibre an méid a leithdháilfear ar gach gníomhaíocht agus dáileadh na gcistí idir na Ballstáit agus tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár i gcás na ngníomhaíochtaí a bheidh le bainistiú tríd an ngníomhaireacht náisiúnta. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí chláir oibre a ghlacadh.*** |

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar ***meastóireacht eatramhach*** ar an gClár a luaithe agus a bheidh faisnéis leordhóthanach ar fáil ar chur chun feidhme an Chláir***, ach*** tráth nach déanaí ná ***ceithre bliana ó thosach chur chun feidhme an Chláir***. Beidh ag gabháil leis freisin meastóireacht deiridh ar an gclár a tháinig roimhe. | 2. Déanfar an ***t-athbhreithniú meántéarmach*** ar an gClár nuair a bheidh faisnéis leordhóthanach ar fáil ar chur chun feidhme an Chláir***. Cuirfidh an Coimisiún an t-athbhreithniú meántéarmach ar an gClár faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na*** |

***Réigiún*** tráth nach déanaí ná ***an 30 Meitheamh 2024***. Beidh ag gabháil leis freisin meastóireacht deiridh ar an gclár a tháinig roimhe.

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. I gcás inar gá agus ar bhonn an athbhreithnithe mheántéarmaigh agus na dtuarascálacha cur chun feidhme arna dtíolacadh ag na Ballstáit, déanfaidh an Coimisiún tograí reachtacha a thíolacadh chun an Rialachán seo a leasú. Tiocfaidh an Coimisiún os comhair choistí inniúla Pharlaimint na hEorpa chun tuairisc a thabhairt ar an athbhreithniú meántéarmach, lena n-áirítear maidir lena chinneadh i dtaobh an gá an Rialachán seo a leasú.*** |

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tabharfaidh faighteoirí cistithe ón Aontas aitheantas d'fhoinse an chistithe ón Aontas agus áiritheoidh siad infheictheacht an chistithe (go háirithe nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí á bpoibliú) trí fhaisnéis spriocdhírithe atá comhleanúnach, éifeachtach agus comhréireach a sholáthar do shainghrúpaí | 1. Tabharfaidh faighteoirí cistithe ón Aontas aitheantas ***dá*** fhoinse agus áiritheoidh siad infheictheacht an chistithe (go háirithe nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí á gcur chun cinn) trí fhaisnéis spriocdhírithe atá comhleanúnach, éifeachtach agus comhréireach a sholáthar ***go pras*** do |

| | |
|---|---|
| éagsúla, lena n-áirítear na meáin agus an pobal. | shainghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear**,** na meáin agus an pobal. |

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Cuirfidh an Coimisiún chun feidhme gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bhaineann leis an gClár, agus a bhaineann le gníomhaíochtaí agus torthaí an Chláir. Leis na hacmhainní airgeadais arna leithdháileadh ar an gClár, rannchuideofar le cumarsáid chorparáideach thosaíochtaí polaitiúla an Aontais freisin, a fhad a bhaineann siad sin leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3. | 2. Cuirfidh an Coimisiún chun feidhme**,** ***i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta agus na gníomhaireachtaí náisiúnta i dtíortha rannpháirteacha agus le líonraí ábhartha ar leibhéal an Aontais,*** gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bhaineann leis an gClár, agus a bhaineann le gníomhaíochtaí agus torthaí an Chláir. Leis na hacmhainní airgeadais arna leithdháileadh ar an gClár, rannchuideofar le cumarsáid chorparáideach thosaíochtaí polaitiúla an Aontais freisin, a fhad a bhaineann siad sin leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3. |

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Ceapfaidh na gníomhaireachtaí náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 23 straitéis chomhsheasmhach maidir leis an bhfor-rochtain éifeachtach mar aon le scaipeadh agus saothrú thorthaí na ngníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoi na bearta a ndéanann siad bainistiú orthu laistigh den Chlár, agus cuideoidh | 3. Ceapfaidh na gníomhaireachtaí náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 23 straitéis chomhsheasmhach maidir le ***faisnéis agus*** an bhfor-rochtain éifeachtach**,** mar aon le scaipeadh ***do gach tairbhí féideartha*** agus saothrú thorthaí na ngníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoi na bearta a ndéanann siad bainistiú |

| | |
|---|---|
| siad leis an gCoimisiún i dtaca leis an gcúram ginearálta um fhaisnéis faoin gClár a scaipeadh, lena n-áirítear faisnéis faoi bhearta agus gníomhaíochtaí arna mbainistiú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, agus trí spriocghrúpaí ábhartha a chur ar an eolas faoi na bearta agus na gníomhaíochtaí arna ndéanamh ina dtír. | orthu laistigh den Chlár, agus cuideoidh siad leis an gCoimisiún i dtaca leis an gcúram ginearálta um fhaisnéis faoin gClár a scaipeadh, lena n-áirítear faisnéis faoi bhearta agus gníomhaíochtaí arna mbainistiú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, agus trí spriocghrúpaí ábhartha a chur ar an eolas faoi na bearta agus na gníomhaíochtaí arna ndéanamh ina dtír. |

**Leasú 132**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Bainfidh na heagraíochtaí rannpháirteacha úsáid as an ainm branda "an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach" chun críocha cumarsáide agus chun faisnéis a scaipeadh a bhaineann leis an gClár.*** |

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Rachaidh an ghníomhaireacht náisiúnta i gcomhairle go tráthrialta le tairbhithe an Chláir (daoine aonair agus eagraíochtaí) chun aiseolas a fháil uathu i dtaobh an Chláir, chun cáilíocht na gníomhaíochta a mheasúnú, agus ar an gcaoi a bhforbróidh an ghníomhaíocht, bunaithe ar threoirlíne an Choimisiúin*** |

***agus cuirfidh sí tacaíocht ar fáil do rannpháirtithe i gcás deacrachtaí agus chun feabhas ar an gcur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta bunaithe ar an aiseolas agus ar a saineolas.***

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 –mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) leagfar síos na caighdeáin rialaithe inmheánaigh le haghaidh na gníomhaireachta náisiúnta lena mbaineann agus na rialacha maidir le bainistiú chistí an Aontais chun tacaíocht deontais ó na gníomhaireachtaí náisiúnta a thabhairt; | (a) leagfar síos na caighdeáin rialaithe inmheánaigh le haghaidh na gníomhaireachta náisiúnta lena mbaineann agus na rialacha maidir le bainistiú chistí an Aontais chun tacaíocht deontais ó na gníomhaireachtaí náisiúnta a thabhairt***, agus na ceanglais maidir le simpliú á gcur san áireamh agus gan ualach breise a bheith á fhorchur ar na rannpháirtithe agus na heagraíochtaí rannpháirteacha***; |

**Leasú 135**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) lena n-áirítear an ceanglas cruinnithe rialta agus oiliúint a eagrú le líonra na ngníomhaireachtaí náisiúnta agus do líonra na ngníomhaireachtaí náisiúnta chun cur chun feidhme comhtháite an Chláir a áirithiú ar fud na dtíortha rannpháirteacha uile.*** |

**Leasú 136**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Eagróidh an Coimisiún cruinnithe rialta ar chur chun feidhme an Chláir le líon agus cineál ionadaíoch na líonraí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine óga agus ar shaorálaithe agus ar eagraíochtaí ábhartha eile ón tsochaí shibhialta, lena n-áirítear comhpháirtithe sóisialta agus líonraí is ábhartha do ghníomhaíochtaí an Chláir.*** |

**Leasú 137**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. I gcás nach féidir leis an gCoimisiún glacadh leis an dearbhú bliantúil bainistíochta leis an tuairim neamhspleách iniúchóireachta ina leith, nó i gcás ina gcuireann an ghníomhaireacht náisiúnta barúlacha an Choimisiún chun feidhme go míshásúil, féadfaidh an Coimisiún aon bhearta ceartaitheacha agus réamhchúraim is gá chun cosaint leasanna airgeadais an Aontais a chur chun feidhme i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 131(3) den Rialachán Airgeadais.*** |

**Leasú 138**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 24a*** |
| | ***An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúir*** |
| | ***Ar leibhéal an Aontais, beidh EACEA freagrach as gach céim den dheontas le haghaidh bhearta tionscadail an Chláir a bhainistiú, de réir mar a liostaítear iad in Airteagal 7, arna dtíolacadh ag eagraíochtaí uile-Eorpacha nó ag eagraíochtaí ardáin, i gcomhair gníomhaíochtaí de chuid foirne saorálaíochta i réimsí tosaíochta a aithnítear ar leibhéal Eorpach, agus i gcomhair gníomhaíochtaí mar thacaíocht d'oibríochtaí cabhrach daonnúla i dtríú tíortha.*** |
| | ***Beidh EACEA freagrach freisin as eagraíochtaí uile-Eorpacha nó eagraíochtaí ardáin a chreidiúnú (i.e. lipéad cáilíochta) agus faireachán a dhéanamh orthu, ar eagraíochtaí iad atá i gceannas ar chur chun feidhme scéimeanna náisiúnta nó cistí faoi bhainistíocht chomhroinnt an Aontais agus eagraíochtaí ar mian leo gníomhaíochtaí a dhéanamh lena dtacaítear le hoibríochtaí cabhrach daonnúla.*** |

**Leasú 139**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Iniúchtaí ar úsáid na ranníocaíochta ón Aontas arna ndéanamh ag daoine nó eintitis, lena n-áirítear daoine nó eintitis seachas iad sin ar thug institiúidí nó comhlachtaí de chuid an Aontais sainordú dóibh, sin a bheidh mar bhonn leis an gcinnteacht fhoriomlán de bhun *[*Airteagal 127] den Rialachán Airgeadais. | 1. Iniúchtaí ar úsáid na ranníocaíochta ón Aontas arna ndéanamh ag daoine nó eintiteas, lena n-áirítear daoine nó eintitis cé is moite dóibh sin ar thug institiúidí nó comhlachtaí de chuid an Aontais sainordú dóibh, sin é a bheidh mar bhonn leis an gcinnteacht fhoriomlán de bhun Airteagal *[*127] den Rialachán Airgeadais ***agus déanfar iad i gcomhréir leis na critéir chéanna i ngach Ballstát***. |

**Leasú 140**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh na príomhrialuithe a dhéanfar ar thairbhithe deontais de chúram ar na gníomhaireachtaí náisiúnta i gcás na ngníomhaíochtaí sin den Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach a chuirtear de chúram orthu. A bhuí leis na rialuithe sin beidh cinnteacht réasúnach ann go mbainfear úsáid as na deontais arna ndámhachtain de réir mar a bhí beartaithe agus i gcomhréir leis na rialacha de chuid an Aontais is infheidhme. | 2. Beidh na príomhrialuithe a dhéanfar ar thairbhithe deontais de chúram ar na gníomhaireachtaí náisiúnta i gcás na ngníomhaíochtaí sin den Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach a chuirtear de chúram orthu. Rialuithe ***comhréireacha agus leormhaithe a bheidh sna*** rialuithe sin ***agus, mar thoradh orthu,*** beidh cinnteacht réasúnach ann go mbainfear úsáid as na deontais arna ndámhachtain de réir mar a bhí beartaithe agus i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme de chuid an Aontais. |

**Leasú 141**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 28 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Beidh gníomhaíochtaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh comhsheasmhach agus comhlántach leis na beartais, na hionstraimí agus na cláir ábhartha ar leibhéal an Aontais, go háirithe an clár Erasmus, agus le líonraí atá ann cheana ar leibhéal an Aontais atá ábhartha maidir le gníomhaíochtaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. | 1. Beidh gníomhaíochtaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh comhsheasmhach agus comhlántach leis na beartais, na hionstraimí agus na cláir ábhartha ar leibhéal an Aontais, go háirithe an clár Erasmus, ***Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (ESIF) agus an Clár um Chearta agus Luachanna,*** mar aon le líonraí atá ann cheana ar leibhéal an Aontais atá ábhartha maidir le gníomhaíochtaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. |

**Leasú 142**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh gníomhaíochtaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh comhsheasmhach agus comhlántach ***freisin*** leis na beartais, na cláir agus na hionstraimí ábhartha ar an leibhéal náisiúnta sna tíortha rannpháirteacha. Chuige sin, déanfaidh an Coimisiún, na húdaráis náisiúnta agus na gníomhaireachtaí náisiúnta faisnéis a mhalartú faoi na scéimeanna náisiúnta atá ann cheana féin agus na tosaíochtaí a a bhaineann le dlúthpháirtíocht agus an óige, ar lámh amháin, agus gníomhaíochtaí faoi chuimsiú an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh, ar an lámh eile, d'fhonn cur leis na dea-chleachtais ábhartha agus éifeachtacht agus éifeachtúlacht a bhaint amach. | 2. ***Maidir*** leis na beartais, na cláir agus na hionstraimí ábhartha ar an leibhéal náisiúnta***, réigiúnach agus áitiúil*** sna tíortha rannpháirteacha***, beidh*** gníomhaíochtaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh comhsheasmhach ***leo*** agus comhlántach leo, ach ní dhéanfaidh siad ionadú orthu. Chuige sin, déanfaidh an Coimisiún, na húdaráis náisiúnta agus na gníomhaireachtaí náisiúnta faisnéis a mhalartú faoi na scéimeanna náisiúnta atá ann cheana féin agus na tosaíochtaí a bhaineann le dlúthpháirtíocht agus an óige, ar lámh amháin, agus gníomhaíochtaí faoi chuimsiú an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh, ar an lámh eile, d'fhonn cur leis na dea-chleachtais ábhartha agus éifeachtacht agus éifeachtúlacht a bhaint amach. |

**Leasú 143**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Chun an éifeachtúlacht is fearr de chistiú an Aontais agus de thionchar an Chláir a bhaint amach, féachfaidh na húdaráis ábhartha ar gach leibhéal sineirgí a aimsiú ar fud na gclár ábhartha go léir i mbealach comhleanúnach. Ní bheidh sé mar thoradh ar na sineirgí sin go n-úsáidfear cistí ar mhaithe le cuspóirí seachas na cuspóirí sin a leagtar amach sa Rialachán seo. Nósanna imeachta iarratais níos simplithe ar leibhéal an chur chun feidhme, agus treoirlínte cur chun feidhme ag gabháil leo, a bheidh mar thoradh ar aon sineirgí agus ar aon chomhlántacht.*** |

**Leasú 144**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Beidh gníomhaíochtaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh i dtríú tíortha dá dtagraítear in Airteagal 11, beidh siad comhsheasmhach agus comhlántach go háirithe le réimsí eile de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, go háirithe an beartas um chabhair dhaonnúil, an beartas maidir le comhar um fhorbairt, an beartas | 3. Beidh gníomhaíochtaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh i dtríú tíortha dá dtagraítear in Airteagal 11, beidh siad comhsheasmhach agus comhlántach go háirithe le réimsí eile de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, go háirithe an beartas um chabhair dhaonnúil, an beartas maidir le comhar um fhorbairt, ***an beartas*** |

| | |
|---|---|
| um méadú, an beartas comharsanachta agus Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta. | ***slándála,*** an beartas um méadú, an beartas comharsanachta agus Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta. |

**Leasú 145**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in ***Airteagal*** 19 a thabhairt don Choimisiún ar feadh fhad an Chláir. | 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in***Airteagail 12, 18 agus*** 19 a thabhairt don Choimisiún ar feadh fhad an Chláir. |

**Leasú 146**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in ***Airteagal*** 24 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana. | 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in ***Airteagail 12, 18 agus*** 19 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana. |

**Leasú 147**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun ***Airteagal*** 19 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a bheith tugtha do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad féin aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. | 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun ***Airteagail 12, 18 agus*** 19 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear síneadh dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. |

**Leasú 148**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Táscairí le haghaidh faireacháin agus tuairiscithe:*** | ***Déanfar dlúthfhaireachán ar an gClár chun a mhéid ar baineadh an cuspóir ginearálta agus na cuspóirí sonracha amach a thomhas agus chun faireachán a dhéanamh ar aschuir, ar thorthaí agus ar thionchair an Chóir. Chuige sin, leagtar amach íoschreat táscairí, a bheidh mar bhonn do chlár mionsonraithe amach*** |

| | |
|---|---|
| | ***anseo chun faireachán a dhéanamh ar aschuir, ar thorthaí agus ar thionchair an Chláir, lena n-áirítear sraith bhreisithe táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla***: |

**Leasú 149**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) céatadán na rannpháirtithe ar lú iad na deiseanna a bhíonn acu; ***agus*** | (b) céatadán na rannpháirtithe ar lú iad na deiseanna a bhíonn acu; |

**Leasú 150**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) líon na n-eagraíochtaí a bhfuil lipéad cáilíochta an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh acu**.** | (c) líon na n-eagraíochtaí a bhfuil lipéad cáilíochta an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh acu***;*** |

**Leasú 151**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) líon na rannpháirtithe (intíre agus trasteorann) i bpoist de réir tíre, aoise, inscne, cúlra gairmiúil agus leibhéal an oideachais;*** |

**Leasú 152**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe c b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cb) líon na rannpháirtithe i dtionscadail dlúthpháirtíochta de réir tíre, aoise, inscne, cúlra gairmiúil agus leibhéal an oideachais;*** |

**Leasú 153**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe c c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cc) líon na n-eagraíochtaí a ndearnadh a lipéad cáilíochta a chúlghairm:*** |

**Leasú 154**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe c d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cd) líon na n-eagraíochtaí i seilbh lipéad cáilíochta de réir tíre agus an mhaoinithe a fuarthas;*** |

**Leasú 155**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe c e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ce) líon na ndaoine óga rannpháirteacha a mbíonn níos lú deiseanna acu. Táscairí torthaí (Táscairí ilchodacha);*** |

**Leasú 156**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe c f (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cf) líon na rannpháirtithe a thuairiscigh torthaí dearfacha foghlama;*** |

**Leasú 157**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe c g (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cg) céatadán na rannpháirtithe ar aithníodh a gcuid torthaí foghlama le teastas, mar shampla Youthpass, dioplóma nó cineál eile aitheantais fhoirmiúil as a gcuid rannpháirtíochta sa Chlár Dlúthpháirtíochta Eorpach;*** |

**Leasú 158**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe c h (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ch) ráta foriomlán sástachta na rannpháirtithe maidir le cáilíocht na ngníomhaíochtaí; agus*** |

**Leasú 159**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe c i (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ci) líon na ndaoine a fhaigheann tacaíocht dhíreach nó indíreach trí ghníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta.*** |